

# Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020:
## Sochaí Níos Fearr a Chruthú do Chách

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Aibreán 2017

AN ROINN DLÍ AGUS CIRT AGUS COMHIONANNAIS
DEPARTMENT OF JUSTICE AND EQUALITY

# Clár an Ábhair


Réamhrá le Proinséas Mhic Gearailt Uasal TD,
Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais 3

Réamhrá leis an Uas. David Stanton TD,
Aire Stáit ar a bhfuil freagracht i ndáil le Comhionannas,
Inimirce agus Lánpháirtiú 5

1. Cúlra agus Comhthéacs 7

2. Comhairliúchán 23

3. Struchtúr na Straitéise 25

4. Faireachán agus Tuairisciú maidir le Cur i bhFeidhm 27

5. Cuspóir a hAon: Comhionannas Socheacnamaíochta a Chur ar Aghaidh do Mhná agus do Chailíní 29

6. Cuspóir a Dó: Sláinte Fhisiceach agus Meabhairshláinte agus Leas na mBan agus na gCailíní a Chur ar Aghaidh 41

7. Cuspóir a Trí: A Chinntiú go bhfuil Ról Sofheicthe ag Mná agus ag Cailíní sa tSochaí, agus Saoránacht Chomhionann Ghníomhach a Áirithiú Dóibh 51

8. Cuspóir a Ceathair: Mná a Chur ar Aghaidh i dTaca le Ceannaireacht ar Gach Leibhéal 57

9. Cuspóir a Cúig: Cuir i gCoinne an Fhoréigin in Aghaidh na mBan 63

10. Cuspóir a Sé: Comhionannas Inscne a Leabú mar Chuid den Chinnteoireacht 69

Aguisíní 73



# Réamhrá le Proinséas Mhic Gearailt Uasal TD, Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

I mo cháil mar Thánaiste agus Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ba ábhar tosaíochta dom forbairt a dhéanamh ar an Straitéis seo, is é sin, Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní. Aithním go bhfuil cóir éagothrom á cur ar mhná i gcónaí agus soláthróidh an Straitéis seo creat tábhachtach i gcomhair gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní atá ann fós ar chomhionannas na mban.

Is éard atá beartaithe leis an Straitéis ná freagairt do riachtanais na mban feadh éagsúlacht féiniúlachtaí agus dálaí. Díríonn sí ar riachtanais ban trína mholadh go leanfar d'infheistíocht i gcúram leanaí a mhéadú, go ndéanfar gníomhaíocht chun dul i ngleic leis an mbearna inscne ó thaobh cúrsaí pá de, feabhas a chur ar staid na mban atá i bhfostaíocht neamhbhuan, agus go soláthrófar cúnamh breise do bhanfhiontraithe. Beidh rochtain mhéadaithe ar dheiseanna oideachais, oiliúna agus fostaíochta ag tuismitheoirí aonair agus ag mná atá eisiata go sóisialta mar thoradh ar an Straitéis seo.

Is é is príomhshnáithe don Straitéis ná infheictheacht. Caithfidh tuilleadh ban a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht ar fud shochaí na hÉireann ionas gur féidir le cinnteoireacht a bheith níos ionadaíche ó thaobh thosaíochtaí na mban agus na bhfear araon agus go léireofar na tosaíochtaí sin ar bhealach níos fearr sa chinnteoireacht. Le go bhféadfaidh mná a n-imthosca a athrú go bunúsach, caithfidh siad rochtain níos mó a bheith acu ar luamháin na cumhachta ar fud shochaí na hÉireann. Ní mór dúinn a chinntiú chomh maith go bhféadfaidh mná faoi mhíbhuntáiste, mná níos sine, mná faoi mhíchumas, mná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, agus mná imirceacha a bheith rannpháirteach i bpríomhchinntí maidir lena saol.

Agus aird á tabhairt ar an mantra "más féidir leat é a fheiceáil, is féidir leat é dhéanamh", tá sé mar aidhm ag an Straitéis seo a léargas a thabhairt ar róil chomhionanna do mhná agus do chailíní i ngach gné den tsochaí - i réimse tís agus teaghlaigh; ina bpobail; san oideachas; i saol na hoibre; in earnálacha cultúrtha agus spóirt na hÉireann; mar cheannródaithe i gcúrsaí gnó, sa saol acadúil, sna heolaíochtaí; agus mar cheannairí.

Tiocfaidh fás ar 'an doiciméad beo' seo chun freagairt ar phátrúin athraitheacha shaol na gcailíní agus na mban. Cuirfear gníomhaíochtaí nua léi sna blianta atá romhainn. Tabharfaidh sí tacaíocht do mhná a mbeidh leanaí acu níos déanaí sa saol. Cosnóidh sí cailíní óga agus mná i dtimpeallacht ar líne. Cuirfidh sí i gcoinne na bagartha buaine a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe.

Má bhaintear comhionannas níos mó amach do mhná beidh domhan níos rathúla ann do chách. Beidh gnóchan as cuimse ann don tsochaí más féidir leis na daoine atá inti, idir mhná agus fhir, a bheith ag súil leis an meas, leis na deiseanna agus leis na tairbhí a ghabhann le saol sásúil.

I Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, leagtar amach an fhís uaillmhianach sin d'Éirinn sa bhliain 2021. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaimid gníomhaíocht anois le go mbeidh dul chun cinn suntasach déanta againn, faoin mbliain 2021, ar an mbealach i dtreo comhionannas iomlán do mhná agus do chailíní.



# Réamhrá leis an Uasal David Stanton TD, Aire Stáit ar a bhfuil freagracht i ndáil le Comhionannas, Inimirce agus Lánpháirtiú

Fáiltím roimh fhoilsiú Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní mar chéim thábhachtach chun cinn ar an mbealach i dtreo comhionannais do mhná in Éirinn. Ba chúis áthais dom fónamh mar Chathaoirleach ar an gCoiste Straitéise ar raibh cúram air maidir le forbairt na straitéise.

Tá sraith gníomhaíochtaí leagtha amach sa Straitéis chun comhionannas na mban san ionad oibre, sa réimse spóirt, sa saol polaitíochta agus i réimse na n-ealaíon a chur chun sinn. Baineann sí le héagsúlacht na mban, idir shaibhir agus bhocht, idir shean agus óg, as gach pobal, idir phobail tuaithe agus phobail uirbeacha. Soláthraíonn sí bearta nithiúla chun dul i ngleic le saincheisteanna amhail an bhearna inscne ó thaobh cúrsaí pá de, fostaíocht neamhbhuan, nó cur chun cinn na fiontraíochta i measc na mban. Aithnítear inti nach mór ionad comhionann ag an mbord a bheith ag mná le go mbeidh siad in ann tionchar a imirt ar na cinntí a dhéanfaidh difear dá saol. Dá bharr sin, leagtar béim ar cheannaireacht na mban i réimsí na polaitíochta, an ghnó, an spóirt agus na n-ealaíon, agus i bpobail áitiúla, a chur chun cinn. Féachann an Straitéis le ról níos sofheicthe a thabhairt do mhná le go mbeidh a nguth le cloisteáil maidir le saincheisteanna ar cás leo iad. Tá sé mar aidhm aici a chumasú do mhná a bheith ina saoránaigh ghníomhacha chomhionanna i sochaí na hÉireann.

Is ar mhaithe le gach uile dhuine dínn dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas na mban. Má chumasaímid do mháithreacha barr a gcumais a bhaint amach, is mó an spéis a bheidh ag a leanaí ardghnóthachtáil a bhaint amach. Beidh eiseamláirí dearfacha ag cailíní agus ag buachaillí i dtaca lena dtodhchaí. Má éiríonn linn i dtaca le comhionannas na mban de, beidh an rath sin ina chabhair maidir le tuiscint a fháil i dtaobh conas dul i ngleic le míbhuntáiste i measc na bhfear agus le héagothromaíochtaí a dhéanann difear do ghrúpaí eile chomh maith.

Tá mé ag iarraidh ar fhir agus ar bhuachaillí tacú le comhionannas na mban agus gníomhú mar spreagthóirí comhionannais laistigh dá dteaghlaigh, dá scoileanna agus dá n-ionaid oibre, i measc a gcairde agus laistigh den phobal. Is féidir linn a thaispeáint gur cás linn comhionannas na mban, agus gur mian linn go mbeidh deiseanna comhionanna ag ár mbanchéilí, ag ár n-iníonacha, ag ár máithreacha agus ag ár gcailíní sa tsochaí.

Agus sinn ag gníomhú le chéile, tá sé de chumas againn aidhm na Straitéise a bhaint amach, is é sin, Éire a bheith ann ina bhfuil mná comhionann le fir, ina mbaineann mná barr a gcumais amach agus ina bhfuil saol sásúil acu.

"Éire ina bhfuil mná comhionann le fir agus inar féidir le mná barr a gcumais a bhaint amach agus, ag an am céanna, saol sábháilte lena ngabhann sásamh a bheith acu"



# 1. Cúlra agus Comhthéacs

Is é atá i bhfís Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020 ná oibriú ar mhaithe leis an méid seo a leanas:

**"Éire ina bhfuil mná comhionann le fir agus inar féidir le mná barr a gcumais a bhaint amach agus, ag an am céanna, saol sábháilte lena ngabhann sásamh a bheith acu".**

Is doiciméad beo í an Straitéis a bhfuil tionchar ag a comhthéacs uirthi agus a dtiocfaidh athrú uirthi de réir mar a thagann athrú ar imthosca sa tréimhse go dtí an bhliain 2020.

Tá na luachanna sochaíocha seo a leanas mar bhuntaca leis an straitéis: comhionannas, neamh-idirdhealú, uilechuimsitheacht, cineáltas, idirnascacht, éagsúlacht agus meas ar chearta an duine. Aithnítear nach mór an fhreagracht i ndáil le baint amach na físe a chomhroinnt idir an Rialtas, an earnáil ghnó, an tsochaí shóisialta agus daoine aonair de gach inscne ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon. Le linn na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis a chur i gcrích, beidh gá le cuntasacht ar thaobh eagraíochtaí na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí.

Beidh rath na Straitéise ag brath ar rannpháirteachas comhroinnte ban agus fear, cailíní agus buachaillí, i mbunú sochaí níos cothroime inar féidir le mná agus fir araon déanamh go maith.

## 1.1 Cén fáth go bhfuil gá againn le Straitéis Náisiúnta?

Is í an Straitéis Náisiúnta an creat tríd a saothróidh an Rialtas gníomhaíochtaí chun cearta ban agus cailíní a chur ar aghaidh agus chun a chumasú do mhná agus do chailíní páirt iomlán a ghlacadh i sochaí na hÉireann. Tá gá le cur chuige straitéiseach chun na bacainní atá ann fós a choisceann ar mhná barr a gcumais a bhaint amach agus deiseanna a bheith acu ar chomhchéim le fir a shainaithint. Ós rud é go bhféadfadh difríochtaí a bheith ann idir deiseanna agus torthaí i gcás ban agus cailíní, ag brath ar a n-aois, ar a gclaonadh gnéasach, ar a bhféiniúlacht inscne, ar a stádas sibhialta, ar a gcreideamh, ar a n-eitneacht nó ar a gcumas, tá gá le straitéis náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina dtarlaíonn il-idirdhealú agus chun bearta gníomhaíochta dearfaí a mholadh ar mhaithe le mná agus le cailíní a bhíonn faoi mhíbhuntáistí áirithe a éiríonn as idirnascacht na hinscne le gnéithe eile dá bhféiniúlacht. Tá ceart bunúsach ann ar chomhionannas agus ní mór aghaidh a thabhairt air sin.

Rachaidh gníomhaíocht a bhaineann le cur chun cinn comhionannas na mban chun tairbhe don tsochaí i gcoitinne. Aithnítear gurb é a leanfaidh as cur ar chumas ban cearta a fheidhmiú agus deiseanna a úsáid ná rathúnas méadaithe don tír. Tá sé measta ag an OECD go gcuirfí 0.6 pointe céatadáin le ráta fáis bliantúil OTI an domhain dá mbainfí amach comhionannas inscne. Tá sé déanta amach ag an eagraíocht sin gurbh é a bheadh sa ghnóchan

eacnamaíochta don domhan ná US$12 trilliún.

Tríd is tríd, is ceart go gcumasódh athruithe ar noirm inscne d'fhir páirt níos iomláine a ghlacadh i ról cúraim dá leanaí agus dá dteaghlaigh agus, dá bharr sin, sult a bhaint as na tairbhí a ghabhann le saol an teaghlaigh. Ar an dóigh chéanna, is fearr a bheidh aon sochaí atá tiomanta i leith tacú le hacmhainn gach uile dhuine in ann déileáil le riachtanais na bhfear agus na mbuachaillí. De bhreis air sin, rachaidh freagairtí beartais atá dírithe ar dhul i ngleic le hil-idirdhealú in aghaidh ban chun tairbhe d'fhir a thagann faoi réir míbhuntáistí den chineál céanna. Is fearrde leas na sochaí tosaíocht mhéadaithe a bheith á tabhairt don chomhionannas agus laghdú a bheith á dhéanamh ar an bhforéigean de gach uile chineál.

## 1.2 Comhthéacs Eorpach agus idirnáisiúnta

Ní mór an Straitéis seo a thuiscint i gcomhthéacs chur chun cinn an chomhionannais san AE agus sa phobal idirnáisiúnta i gcoitinne. Go feadh méid áirithe ní hionann na dúshláin atá ann i dtíortha éagsúla i dtaca leis an ábhar seo ach tá cuid mhór gnéithe den chineál céanna le fáil i dtíortha éagsúla chomh maith.

In Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach sonraítear go ndéanfar an comhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn. Léirítear an cuspóir céanna sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airteagal 8) agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontas Eorpaigh (Airteagal 23).

Ar an 7 Márta 2011, ghlac Comhairle na nAirí an Comhaontú Eorpach um Chomhionannas Inscne (2011-2020). Clúdaíonn sé sin, go háirithe, bearta chun deireadh a chur le bearnaí inscne agus comhrac a dhéanamh ar leithscaradh inscne sa mhargadh saothair, chun cóimheá saoil agus oibre níos fearr a chur chun cinn do mhná agus d'fhir, agus chun dul i ngleic le gach cineál foréigin i gcoinne ban.

Is é atá sa ráiteas straitéise reatha ón gCoimisiún Eorpach ná Rannpháirteachas Straitéiseach i leith Comhionannas Inscne 2016-2019 ina dtugtar tús áite do na réimsí seo a leanas: neamhspleáchas comhionann eacnamaíoch do mhná agus d'fhir; pá comhionann d'obair ar comhionann a luach; comhionannas i dtaca le cinnteoireacht; dínit, ionracas agus deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe; agus comhionannas inscne lasmuigh de AE a chur chun cinn.

Ghlac Ceathrú Comhdháil Dhomhanda na Náisiún Aontaithe ar Mhná, a seoladh i mBéising i Meán Fómhair 1995, Dearbhú agus Clár Oibre le haghaidh Gníomhaíochta inar leagadh amach clár oibre cuimsitheach chun comhionannas inscne a bhaint amach. Sa Chlár Oibre Gníomhaíochta sin, iarradh ar rialtais, ar an bpobal idirnáisiúnta agus ar an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an earnáil phríobháideach, gníomhaíocht a dhéanamh sna hábhair imní fhíorthábhachtacha seo a leanas: ualach seasmhach méadaitheach na bochtaineachta ar mhná; neamhionannais agus neamhdhóthanacht, agus rochtain éagothrom, i dtaca le hoideachas agus oiliúint, agus i dtaca le seirbhísí cúraim sláinte agus seirbhísí gaolmhara; foréigean i gcoinne ban; éifeachtaí coinbhleachtaí armtha, agus cineálacha eile coinbhleachtaí, ar mhná, lena n-áirítear mná atá ag maireachtáil in áiteanna faoi fhorghabháil ag coimhthígh; neamhionannas i struchtúir agus i mbeartais eacnamaíochta, i ngach cineál

gníomhaíochta táirgiúla agus i rochtain ar acmhainní; neamhionannas idir fir agus mná ó thaobh chomhroinnt na cumhachta agus na cinnteoireachta de ar gach leibhéal; sásraí neamhdhóthanacha, ar gach leibhéal, chun cur ar aghaidh na mban a chur chun cinn; easpa measa agus cur chun cinn agus cosaint neamhdhóthanach i dtaca le cearta daonna na mban; mná a steiréitíopáil agus neamhionannas i dtaca le rochtain ag mná ar gach córas cumarsáide, agus i dtaca le rannpháirtíochta iontu, go háirithe sna meáin; neamhionannais inscne i dtaca le bainistiú acmhainní nádúrtha agus i dtaca le coimirciú an chomhshaoil; agus idirdhealú seasmhach in aghaidh leanaí mná agus sárú seasmhach ar a gcearta. Déanann Coimisiún na NA um Stádas na mBan cur chun feidhme an Chláir Oibre le haghaidh Gníomhaíochta a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Ag seisiún an Choimisiúin sa bhliain 2015, d'aontaigh rialtais chun féachaint le comhionannas iomlán inscne agus cumhachtú na mban a bhaint amach faoin mbliain 2030. Toghadh Éire chuig an gCoimisiún don tréimhse 2017-2021 agus beidh sí ina cathaoirleach ar an gCoimisiún don dá bhliain ó 2018 ar aghaidh. Bainfidh Éire úsáid as an deis seo chun tús áite a thabhairt do chur chun cinn an chomhionannais inscne agus do chur chun feidhme gealltanas comhaontaithe.

Aontaíodh *Ár nDomhan a Bhunathrú chun Feabhais: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe* ag Cruinniú Mullaigh de chuid na NA i Nua-Eabhrac i Meán Fómhair 2015 agus tá plean gníomhaíochta don domhan agus dá bpobail leagtha amach ann i bhfoirm 17 nAidhm Forbartha Inbhuanaithe (SDG-anna) agus 169 sprioc. Baineann SDG 5 le baint amach an chomhionannais inscne agus le cumhachtú gach mná agus gach cailín. Tá spriocanna leagtha síos faoin aidhm sin d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh: deireadh a chur le hidirdhealú, deireadh



a chur le foréigean i gcoinne ban agus le cleachtais dhíobhálacha, aitheantas a thabhairt d'obair chúraim agus tís gan phá, rannpháirtíocht iomlán éifeachtach na mban a chinntiú i dtaca le ceannaireacht agus cinnteoireacht, rochtain uilíoch ar chearta sláinte gnéis agus sláinte atáirgthe agus ar chearta atáirgthe, mar atá comhaontaithe de réir Chlár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta ar Dhaonra agus ar Fhorbairt agus Chlár Oibre Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta agus na ndoiciméad a lean as a gcomhdhálacha athbhreithnithe; rochtain chomhionann ar acmhainní eacnamaíocha; agus feabhas a chur ar úsáid teicneolaíochta cumasúcháin chun cumhachtú na mban a chur chun cinn. De bhreis air sin, sa Dearbhú a glacadh in éineacht le Clár Oibre 2030, aithnítear go bhfuil príomhshruthú córasach peirspictíochta inscne le linn an Clár Oibre a chur chun feidhme thar a bheith tábhachtach. I measc na SDG-anna eile a bhaineann le hábhar airítear SDG 8 a bhaineann le fás eacnamaíoch de chineál leanúnach, uilechuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, le fostaíocht iomlán tháirgiúil agus le hobair mhaith do chách agus SDG 10 a bhaineann le laghdú a dhéanamh ar neamhionannas laistigh de thíortha agus i measc tíortha.

Tá comhionannas inscne agus cumhachtú na mban i gcroílár chlár na hÉireann don fhorbairt idirnáisiúnta, is é sin, Cúnamh Éireann, a thagann faoi fhormhaoirseacht na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. In *An tOileán Domhanda*, arb é beartas eachtrach na hÉireann é maidir le domhan atá ag athrú, tugtar gealltanas i leith comhionannas inscne a chur chun cinn, go háirithe ar an leibhéal iltaobhach.

Tá Éire ina páirtí sa Choinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú ó bhí an bhliain 1985 ann. I Meán Fómhair 2016, thíolacamar ár Séú agus ár Seachtú Tuarascáil Thréimhsiúil don Choiste um Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (ar coiste é sin a bunaíodh faoin gCoinbhinsiún). Bhreithnigh an Coiste na Tuarascálacha ar an 15 Feabhra 2017. Ina chuid Tuairimí Deiridh, chuir an Coiste fáilte roimh an dul chun cinn a bhí bainte amach maidir le hathchóirithe reachtacha a dhéanamh ó bhí an bhliain 2005 ann tráth a ndearnadh breithniú ar an gCeathrú agus ar an gCúigiú Tuarascáil Thréimhsiúil. Chuir sé fáilte freisin roimh iarrachtaí na hÉireann maidir le feabhas a chur ar a chreat beartais trí dhíothú an idirdhealaithe in aghaidh na mban a luathú. Rinne an Coiste moltaí nó d'áitigh sé gníomhartha áirithe a dhéanamh i ndáil leis na saincheisteanna seo a leanas:

- forchoimeádais na hÉireann i leith an Choinbhinsiúin;
- deireadh a chur le steiréitíopaí idirdhealaitheacha, comhionannas substainteach idir mná agus fir a bhaint amach, Airteagal 41.2 den Bhunreacht, agus alt 14 den Acht um Stádas Comhionann;
- seirbhísí máithreachais, ginmhilleadh agus frithghiniúint;
- neachtlanna Maighdilíneacha, institiúidí leanaí, árais Mháithreacha agus Naíonán, agus simfiseatóime;
- acmhainní do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, agus maoiniúchán d'eagraíochtaí neamhrialtasacha;
- táscairí, tagarmharcanna agus amlínte a cheapadh sa Straitéis seo, príomhshruthú inscne, agus bailiú sonraí arna n-imdhealú de réir gnéis agus saintréithe eile, mar eolas do bheartas agus do chláir agus chun

rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le baint amach na nAidhmeanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG-anna);

- úsáid beart sealadach speisialta;
- leanaí idirinscneacha;
- foréigean in aghaidh na mban, gáinneáil ar dhaoine, striapachas;
- rannpháirtíocht na mban sa saol polaitíochta agus poiblí;
- mná, síocháin agus slándáil;
- oideachas, an margadh saothair, coimirce shóisialach;
- mná faoi mhíbhuntáiste, mná tuaithe;
- príosúnaigh bhaineanna;
- caidreamh teaghlaigh agus cothabháil teaghlaigh;
- Dearbhú Bhéising agus an Clár Oibre le haghaidh Gníomhaíochta, Clár Oibre 2030 don Fhorbairt, agus daingniú conarthaí áirithe.

Tá tuairimí an Choiste á mbreithniú ag na comhlachtaí Rialtais iomchuí.

Chomh maith leis sin, tá ardtosaíocht ag gabháil le baint amach an chomhionannais idir mná agus fir ar chlár oibre Chomhairle na hEorpa. Clúdaíonn a Straitéis Comhionannais Inscne reatha an tréimhse 2014-2017 agus baineann sí leas as acquis ollmhór dlíthe agus beartas na Comhairle maidir le comhionannas inscne. Is é atá in aidhm fhoriomlán na Straitéise ná cur chun cinn agus cumhachtaí na mban a bhaint amach agus, dá bhrí sin, comhionannas inscne a bhaint amach go héifeachtach i mBallstáit Chomhairle na hEorpa trí thacú le cur chun feidhme chaighdeáin láithreacha Chomhairle na hEorpa. Dhá cheann de na caighdeáin a bhaineann le hábhar is ea iad an Coinbhinsiún maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, ar páirtí ann Éire, agus an Coinbhinsiún chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, a bhfuilimid tiomanta i leith é a dhaingniú.

Tháinig Éire chun bheith ina comhalta den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) tamall gairid tar éis í a bhunú sa bhliain 1961. Tá comhionannas inscne á chur chun cinn ag OECD i réimsí an rialachais phoiblí, an rialachais chorparáidigh, na forbartha, an oideachais airgeadais, na sláinte, na heolaíochta, an chánachais agus an leasa.

Is é is príomh aidhm don Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO) ná deiseanna a chur chun cinn do mhná agus d’fhir le gur féidir leo obair mhaith a fháil faoi dhálaí saoirse, cothroime, slándála agus dínite daonna. Is gné thábhachtach an comhionannas inscne i dtaca leis an aidhm sin a bhaint amach agus is ábhar forleathan é a chuirtear san áireamh chun torthaí bheartais uile ILO a bhaint amach. I mBeartas ILO maidir le Comhionannas agus Príomhshruthú Inscne, tugtar tacaíocht do chur chuige lena ngabhann dá chuid maidir le príomhshruthú inscne: i dtionscnaimh uile ILO, anailísiú riachtanais shonracha na mban agus na bhfear, agus aghaidh a thabhairt orthu, agus idirghabhálacha spriocdhírithe chun a chumasú do

mhná agus d'fhir páirt a ghlacadh in iarrachtaí forbartha agus tairbhiú uathu ar bhonn cothrom.

## 1.3 Straitéis Náisiúnta na mBan 2007-2016

Glacadh Straitéis Naisiúnta na mBan 2007- 2016 tar éis comhairliúchán forleathan leis an tsochaí shibhialta agus le geallsealbhóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Ba é ba chuspóir dó ná dul chun cinn a bhaint amach faoi thrí mhórthéama: deiseanna socheacnamaíochta do mhná a chothromú; leas na mban a chinntiú; agus rannpháirteachas mar shaoránaigh chomhionanna ghníomhacha.

Go gairid tar éis fhoilsiú Straitéis 2007, bhí dianchúlú eacnamaíochta ann in Éirinn rud a d'fhág gur tháinig athrú ar na tosaíochtaí maidir le cur chun feidhme agus gur tháinig laghdú ar an maoiniúchán a bhí ar fáil. Ach rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na tréimhse i raon réimsí:

- Tá creat daingean dlíthiúil ann i leith comhionannas inscne agus chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean i gcoinne ban agus tá méid substaintiúil reachtaíochta tugtha isteach le deich mbliana anuas.

- Tá forbairt déanta ar an gcreat beartais agus tá straitéisí mionsonraithe ann anois chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail gáinneáil ar dhaoine, foréigean baile agus mná sa réimse síochána agus slándála.

- Tá comhdhlúthú déanta ar na sásraí institiúideacha i ndáil le comhionannas agus cearta an duine trí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a bhunú sa bhliain 2014 agus tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bhunú sa bhliain 2015. Rinneadh Cosc, An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc, a bhunú sa bhliain 2007 agus, le déanaí, foilsíodh an *Dara Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021*. Sa bhliain 2008, bunaíodh an tAonad Frithgháinneála ar Dhaoine sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus foilsíodh an *Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac*. Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Tusla, sa bhliain 2014.


- Tá feabhas tagtha ar sheirbhísí trína n-áirithítear leas atáirgthe agus gnéasach ban agus tá an chéad straitéis náisiúnta máithreachais i bhfeidhm. Faoi stiúradh straitéiseach Chlár FSS maidir le Toirchis Ghéarchéime, tá laghdú faoi dhó tagtha, le 14 bliana anuas, ar an líon leanaí a bheirtear do mháithreacha is déagóirí agus ní hionann a líon anois ach 2% de na breitheanna go léir.

Ina theannta sin, tá an comhionannas inscne chun tosaigh sa díospóireacht phoiblí phríomhshrutha, go háirithe a mhéid a bhaineann le cúrsaí gnó agus ceannaireacht pholaitiúil, le cúram sláinte, leis an saol acadúil, le cúrsaí spóirt agus le réimse na n-ealaíon.

### 1.3.1 Fostaíocht

D'ainneoin an chúlaithe eacnamaíochta, agus d'ainneoin an laghdaithe ar dheiseanna fostaíochta dá dhroim sin ón mbliain 2008 ar aghaidh, tá an líon ban a bhfuil fostaíocht acu ar ais cheana féin ag na leibhéil a bhí ann i Ráithe 3 den bhliain 2007[1].

1 An Phríomh-Oifig Staidrimh: QNQ19: Daoine 15 bliana d'aois agus os a chionn i bhFostaíocht de réir Stádas Fostaíochta, Inscne agus Ráithe




### 1.3.2 An tOireachtas agus na Breithiúna

Mar thoradh ar achtú an Achta Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012, tugadh isteach cuótaí inscne do réimse na polaitíochta náisiúnta, á cheangal ar pháirtithe polaitíochta a chur faoi deara gur mná iad 30% ar a laghad, agus gur fir iad 30% ar a laghad, de na hiarrthóirí a roghnaíonn siad i dtoghcháin náisiúnta, sin nó 50% dá maoiniúchán Stáit don téarma parlaiminte a chailleadh. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar an líon baniarrthóirí a bhí ann in olltoghchán 2016. Toghadh 35bhean chun na Dála sa bhliain 2016, sin méadú 10 i gcomparáid le holltoghchán na bliana 2011 agus ba é an líon Teachtaí Dála mná ba mhó riamh é. Tháinig méadú ar chéatadán na mbanchomhaltaí den Dáil go 22% ó 15% a bhí ann sa bhliain 2011. Sa tuarascáil ón bhFochoiste um Athchóiriú na Dála, a glacadh i mBealtaine 2016, rinneadh tograí maidir le hathruithe ar nósanna imeachta na Dála le go mbeadh na huaireanta suí fabhrach do theaghlaigh, lena n-áirítear cuid mhór de vótaí an Tí a sheoladh tráthnóna Déardaoin.

Tá méadú suntasach tagtha ar an gcéatadán de mhná atá ag fónamh mar bhreithiúna. Táthar tar éis mná a cheapadh chuig poist shinsearacha i réimse dlí agus breithiúnach an Stáit. Faoi láthair, is mná iad 34% de bhreithiúna na hÉireann. Sa Chúirt Dúiche, is mná iad 31%, nó 19 nduine as 61 duine, de na breithiúna. Sa Chúirt Chuarda, is é atá sa líon breithiúna mná ná 43% de na breithiúna. San Ard-Chúirt, is ionann líon na mbreithiúna mban agus 26% de na breithiúna agus, sa Chúirt Uachtarach, is mná iad 4 breithiúna den 9 breithiúna, agus an Príomh-Bhreitheamh san áireamh. Tá méadú beagnach faoi thrí tagtha ar an líon breithiúna mná le fiche bliain anuas.

I measc na bpost sinsearach ardphróifíle eile sa chóras ceartais atá ag mná i láthair na huaire, áirítear an tArd-Aighne, an Príomh-Aturnae Stáit, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an Paiteolaí Stáit, Ard-Stiúrthóir Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann, Coimisinéir an Gharda Síochána, agus Cathaoirleach an Údaráis Póilíneachta.

### 1.3.3 Ceapacháin chuig Boird

Leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh le deich mbliana anuas maidir le baint amach na sprice a leagadh síos sa bhliain 1993 agus ar dá réir is ceart céatadán na mbanchomhaltaí ar bhoird Stáit a bheith comhionann le 40% ar a laghad. Sa bhliain 2006, mná a bhí i gceist le 34% de na baill go léir ar an mbord.

Rinne an Rialtas Treoirlínte nua maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit a thabhairt isteach sa bhliain 2014 agus áiríodh iontu pacáiste beart chun freastal ar an sprioc 40%, lena n-áirítear an ceanglas a forchuireadh ar Ranna Rialtais chun pleananna forfheidhmithe a bhunú. Ina theannta sin, leag an Rialtas síos sprioc fheabhsaithe 45% do bhoird a raibh an sprioc 40% á baint amach acu cheana féin.

Ón tráth ar seoladh na Treoirlínte, tháinig 30% de líon níos mó ná 7,500 iarratas ar cheapachán chuig boird stáit ó mhná agus ba mhná iad thart ar 45% de na daoine a ceapadh. Ó bhí mí Feabhra 2017 ann, is mná iad 38% de na baill, is é sin le rá, an céatadán is airde ón tráth ar tugadh isteach an sprioc. Tá an sprioc 40% bainte amach ag 101 bhord (47%), sin méadú 8 bpointe céatadáin ó mhí na Nollag 2013.

### 1.3.4 Mná sa Státseirbhís

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le mná a chur ar aghaidh i bpoist mheánbhainistíochta sa Státseirbhís. Ba é a bhí sa sprioc a leagadh síos i sean-Straitéis Náisiúnta na mBan ná gur mná a bheadh ann i gcás 27% de na Príomhoifigigh go léir. Tá an sprioc sin sáraithe go mór. Faoi láthair, is mná iad 40% de na Príomhoifigigh go léir, 33% de na Rúnaithe Cúnta go léir agus 20% de na hArd-Rúnaithe go léir. Ón mbliain 2009, tá méadú 13 pointe céatadáin tagtha ar an céatadán de na poist Phríomhoifigigh atá ag mná (27% sa bhliain 2009) agus tá méadú 3 phointe céatadáin tagtha ar an gcéatadán de na poist ar leibhéal Rúnaí Chúnta agus Ard-Rúnaí ag mná. Mar chuid den chlár comhionannais inscne i gcoitinne, tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tar éis tús áite a thabhairt do mhéadú a dhéanamh ar chomhionannas inscne i measc na foirne in Éirinn agus thar lear. Ó bhí Márta 2017 ann, tá mná ag fónamh mar Chinn Misin (ar leibhéal Rúnaí Chúnta agus níos airde, ar leibhéal Comhairleora agus ar leibhéal Chéad Rúnaí) i 25% d'Ambasáidí nó d'Ard-Chonsalachtaí na hÉireann (20 as 80) ar fud an domhain. Is ionann sin agus méadú ó 18% sa bhliain 2011.

Tá feabhsú na cothromaíochta inscne ina phríomhshraith de Chlár Athnuachana na Státseirbhíse. I mí Eanáir 2017, d'fhógair an Rialtas tuilleadh beart atá ceaptha chun comhionannas inscne níos mó a chothú. I measc na mbeart a fógraíodh, airítear sprioc nua 50/50 i gcás ceapacháin leibhéil shinsearaigh. Leanfar den phrionsabal fiúntais "an duine is fearr don phost" a chur i bhfeidhm i gcomórtais earcaíochta agus ardaithe céime agus déantar gach folúntas leibhéil shinsearaigh a líonadh trí chomórtas oscailte. I gcás ina mbeidh beirt iarrthóirí ar chomhchéim ó thaobh fiúntais de os comhair an Choiste um Cheapacháin Barrleibhéil i leith folúntas Rúnaí Chúnta, tabharfar tús áite don bhaniarrthóir i gcás tearcionadaíocht a bheith ag mná ar Bhord Bainistíochta na Roinne lena mbaineann.

### 1.3.5 Teaghlaigh Athraitheacha/ Noirm Athraitheacha Inscne

Rinneadh athchóirithe reachtacha ceannródaíochta a achtú le cúig bliana anuas ar athchóirithe iad lenar cuireadh cearta teaghlach ilchineálach chun cinn agus lenar tugadh aitheantas do staideanna athraitheacha teaghlaigh agus do noirm athraitheacha inscne.

Thug Éire isteach páirtnéireacht shibhialta do lánúineacha comhghnéis sa bhliain 2010 agus tá cuid mhór leanaí á dtógáil ag tuismitheoirí comhghnéis anois. Rinneadh cinneadh stairiúil ansin ar an 22 Bealtaine 2015 nuair a tháinig Éire chun bheith ar an gcéad tír sa domhan a thug isteach comhionannas pósta do lánúineacha comhghnéis trí bhíthin vóta i

measc an phobail. Tháinig an tAcht um Pósadh 2015 i ngníomh ar an 16 Samhain 2015 agus foráladh leis go bhféadfadh lánúineacha comhghnéis pósadh agus a gcaidreamh a chur á aithint ag an tsochaí mar chaidreamh comhionann agus go mbeadh cosaint ann dó faoin mBunreacht. Soláthraíonn sé sin deimhneacht dhlíthiúil do leanaí lánúineacha comhghnéis. Rinneadh an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh 2015 a achtú i mí Aibreáin 2015. Tá an tAcht sin leanbhlárnach agus tugann sé aghaidh ar chearta leanaí chun slándáil dhlíthiúil a bheith acu, chun cúram a fháil óna dtuismitheoirí agus ó aosaigh thábhachtacha a bhaineann leo, agus chun comhionannas a bheith acu faoin dlí. Is féidir le leastuismitheoirí, le páirtnéirí sibhialta agus le páirtnéirí atá ag maireachtáil i bhfochar a chéile iarratas a dhéanamh anois chun teacht chun bheith ina gcaomhnóirí ar leanbh. Ina theannta sin, fágann an tAcht go bhfuil sé níos éasca do sheantuismitheoirí agus do dhaoine tábhachtacha eile i saol linbh iarratas a dhéanamh ar rochtain. Trí na hathchóirithe sin ar an dlí teaghlaigh, tugtar aitheantas do ról fíorthábhachtach tuismitheoirí agus don ghá le caidreamh fónta a bheith ag leanbh leis an dá thuismitheoir. Faoi láthair, tá an Roinn Sláinte i mbun na hoibre ullmhúcháin atá riachtanach chun teacht i ngníomh Chodanna 2 agus 3 den Acht, ar codanna iad sin lena ndéantar foráil maidir le tuismíocht trí atáirgeadh deontóir-chuidithe, a chumasú.

Leis an Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2016, rinneadh saoire atharthachta le pá d'aithreacha nua a thabhairt isteach den chéad uair in Éirinn. Tá aithreacha leanaí nua-bheirthe i dteideal pacáiste iomlán saoire dhá sheachtain agus sochar €230 sa tseachtain a fháil agus is féidir leo leas a bhaint as laistigh de shé mhí ó bhreith an linbh. Tugann sé aitheantas don tábhacht a ghabhann le cumasú d'aithreacha tuilleadh freagrachtaí a ghlacadh chucu féin maidir le cúram a gcuid leanaí a chomhroinnt. Sa Chlár Rialtais, tugadh gealltanas chun tacú le teaghlaigh i gcás ina bhfanann tuismitheoir amháin sa bhaile chun cúram a thabhairt dá leanaí, agus an tacaíocht sin a thabhairt ar mhodh méadaithe ar an gCreidmheas Cúramóra Baile. Rinneadh méadú 10% ar



an gcreidmheas (ó €1,000 go €1,100) i mBuiséad 2017, rud a thug tacaíocht bhreise do lánúineacha a ndéantar cómheasúnacht ina leith i gcás ina n-oibríonn páirtnéir amháin go príomha sa bhaile chun cúram a thabhairt do leanaí nó do dhaoine éagumasaithe.

Ina theannta sin, chumasaigh an t-athchóiriú reachtach do dhaoine trasinscneacha aitheantas a fháil don inscne is fearr leo féin. Leis an Acht um Inscne a Aithint 2015, foráiltear gur féidir le duine iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Aitheantais Inscne le go ndéanfaidh an Stát aitheantas a thabhairt don inscne is fearr leis nó leo.

### 1.3.6 Oideachas

Tá méadú suntasach tagtha ar na rátaí gnóthachtála sa réimse oideachais i gcás na mban ó bhí an bhliain 2007 ann agus leanann siad de bheith níos airde ná mar atá i gcás na bhfear. Sa bhliain 2016, bhí leibhéal uachtarach meánoideachais ar a laghad críochnaithe ag 82.9% de mhná san aoisghrúpa 25-64 i gcomparáid le 71.2% sa bhliain 2007 (is iad na rátaí inchomparáide d’fhir 76.9% sa bhliain 2016, sin méadú ó 64.6% sa bhliain 2007) agus bhí oideachas treasach críochnaithe go rathúil ag 58.4% de mhná san aoisghrúpa 30-34 i gcomparáid le 48.9% sa bhliain 2007 (is iad na rátaí inchomparáide d’fhir 46.4% sa bhliain 2016, sin méadú ó 38.7% sa bhliain 2007). De bhreis air sin, tá laghdú tagtha ar na rátaí luathfhágála scoile go dtí 4.8% sa bhliain 2016[2] ó 8.6% sa bhliain 2007.



### 1.3.7 Inscne a bhunú mar chuid den phróiseas déanta cinntí

Mar thoradh ar thabhairt isteach dualgais dhearfaigh san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 lena gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí aird chuí a thabhairt ar chomhionannas agus ar chearta an duine, tá sásra ann chun gné inscne a chur san áireamh sa phróiseas déanta cinntí.

Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí measúnuithe diana forleathana ex-ante agus ex-post ar thionchar sóisialta na bpríomhbheartas buiséadach i réimse an leasa agus na cánach dírí díreach mar a dhéanann an Roinn Airgeadais i gcás athruithe ar an mbeartas cánach. Úsáideann an measúnú sin samhail ionsamhlúcháin cánach-leasa ar a dtugtar SWITCH atá forbartha ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) chun tomhas a dhéanamh ar na tionchair dháileacha agus bhochtaine atá ag beartais ar chineálacha teaghlaigh, ar ghrúpaí saolré agus ar inscne. Ó bhí an bhliain 2013 ann, táthar tar éis measúnuithe comhtháite ar thionchar sóisialta, ina n-áirítear na príomhbheartaí leasa agus cánach dírí, a fhoilsiú i mbuiséid bhliantúla. Is é is cuspóir dó sin ná eolas a chur ar fáil don phobal faoin éifeacht charnach atá ag beartais bhuiséadacha ar dháileadh ioncaim agus ar chomhionannas sóisialta.

De bhreis air sin, ar bhonn ghealltanais an Chláir do

2 Bunachar sonraí oideachais agus oiliúna Eurostat. Figiúirí sealadacha atá i gceist le figiúirí 2016.

Rialtas Comhpháirtíochta maidir le próiseas profa buiséid agus beartais mar mhodh chun comhionannas a chur ar aghaidh, bochtaineacht a laghdú agus cearta eacnamaíochta agus sóisialta a neartú, tá Measúnú nua ex-post ar Thionchar Sóisialta (SIA) forbartha ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chéad chéim den obair a bhaineann le tacú le measúnú níos cuimsithí ar an tionchar atá ag bearta buiséadacha áirithe ar thorthaí teaghlaigh.

Ceapadh an Creat nua mar chomhlánú ar an anailís dháileach a dhéanann an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi láthair ar na bearta cánach agus leasa shóisialaigh atá leagtha amach sa Bhuiséad gach bliain agus a fhoilsítear díreach tar éis an Bhuiséid. Forlíonfar an obair sin le sraith páipéar a fhoilseoidh Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta na hÉireann (IGEES) gach bliain. Sna páipéir sin, díreofar ar réimsí beartais nach féidir iad a áireamh go héasca i múnla SWITCH. I dtaca leis sin de, beidh na páipéir dírithe go formhór ar na tionchair atá ag caiteachas poiblí ar fhaighteoirí.

Mar chéad chéim sa phróiseas atriallach seo, tá sé beartaithe dul i mbun bearta 'pointe ama' chun scrúdú a dhéanamh ar chaiteachas reatha i réimsí beartais áirithe d'fhonn staid bhunlíne a bhunú. Mar thoradh ar an staid bhunlíne sin, is ceart go mbeifí in ann an leibhéal caiteachais in aon réimse beartais áirithe, mar aon leis na príomhspreagthóirí caiteachais, a shainaithint agus féachfar le próifíl a chur i dtoll a chéile díobh sin a raibh tionchar ag an gcaiteachas orthu. Is ceart go n-éascódh sé sin an anailís a dhéanfar amach anseo ar thionchair athruithe beartais bhuiséadaigh amach anseo sna réimsí sin. Rinneadh an chéad dá pháipéar faoin gCreat nua seo a fhoilsiú tráth an Bhuiséid anuraidh agus tá roinnt páipéar eile á bhforbairt lena bhfoilsiú sa bhliain 2017.

Tá gealltanas tugtha ag an Rialtas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta go ndéanfar na socrúcháin institiúideacha a fhorbairt chun tacú leis an bpromhadh comhionannais agus inscne san oifig nua neamhspleách fioscach agus buiséid agus laistigh de na ranna lárnacha rialtais, agus go mbainfear úsáid as an saineolas atá ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) chun tacú leis an bpróiseas profa.

## 1.4 Dúshláin

Is é atá sa phríomhdhúshlán ná uaillmhian a choimeád ar bun i leith chomhionannas na mban i gcomhthéacs éilimh iomaíocha ar ghníomhaíocht i ndáil le saincheisteanna eile comhionannais. Tá míthuiscint ann go bhfuil comhionannas na mban bainte amach a bheag nó a mhór agus tá an mhíthuiscint sin ina cúis le brí agus aird a bhaint de na saincheisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt fós orthu. Tá gá nua le háitiú a dhéanamh, go háirithe i measc mná óga, i leith gníomhaíocht leantach i ndáil le comhionannas inscne.

Tá dúshláin ar leith ann sna réimsí seo a leanas:

### 1.4.1 Ceannaireacht agus cinnteoireacht

Cé go bhfuil dul chun cinn déanta chun feabhas a chur ar ionadaíocht na mban sa pholaitíocht náisiúnta agus ar bhoird Stáit, tá tearcionadaíocht ag mná i gcónaí i róil déanta cinntí i gcuid mhór réimsí de shaol na hÉireann.

Tá tearcionadaíocht ag mná i gcónaí ar bhoird corparáidí. Cé gur tháinig méadú 9 bpointe céatadáin ar líon na stiúrthóirí baineanna neamhfheidhmiúcháin ar bhoird corparáidí[3] idir na blianta 2007 agus 2016,

3 Staitisticí maidir le comhaltas boird i gcás chuideachtaí ISEQ20, Eurostat, Deireadh Fómhair 2016

tá an céatadán sin íseal fós, is é sin le rá, 16%. Mar an gcéanna, tá tearcionadaíocht ag mná i bpoist shinsearacha san earnáil airgeadais. I mí an Mhárta 2017, léirigh an Banc Ceannais nach raibh ach 20% de na poist shinsearacha bainistíochta ag mná san earnáil seirbhísí airgeadais idir na blianta 2012 agus 2016. De réir mar atá an earnáil seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta á cur chun cinn, á forbairt agus á leathnú ag Éirinn, tá an éagsúlacht agus an uilechuimsitheacht curtha san áireamh mar phríomhghnéithe de Phlean Gníomhaíochta IFS2020 don bhliain 2017. Tá Cairt do Mhná san Earnáil Airgeadais á hullmhú ag Club 30% chun rannpháirtíocht níos mó ag mná i bpoist shinsearacha san earnáil airgeadais a chur chun cinn.

D'ainneoin go bhfuil comhionannas inscne seanbhunaithe i reachtaíocht na hÉireann a bhaineann le hardoideachas, tá éagothromaíocht inscne ann fós i measc baill foirne in institiúidí ardoideachais, go háirithe ar na leibhéil shinsearacha. Cé go bhfuil cothromaíocht inscne ann maidir le gráid acadúla ar an leibhéal iontrála, tá éagothromaíochtaí tromchúiseacha inscne ann maidir le poist acadúla ar leibhéal níos airde ná sin. Faoi láthair, fir a shealbhaíonn 81% de na poist acadúla ollúnachta. Ina theannta sin, fir atá ann i gcás 72% de na baill foirne neamhacadúla is airde tuarastal. Ní fadhb í seo a bhaineann le hÉirinn amháin. Tá saincheist na héagothromaíochta inscne san fhostaíocht in earnáil an ardoideachais tugtha faoi deara ar bhonn idirnáisiúnta. In Athbhreithniú Náisiúnta an Údaráis um Ardoideachas (HEA) ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann a foilsíodh sa bhliain 2016, tugadh suntas don tábhacht a ghabhann le comhionannas inscne a bhaint amach "mar mhodh chun uasmhéadú a dhéanamh ar shaothrú an tsármhaitheasa acu agus chun an iliomad dúshlán de chineál sóisialta, eacnamaíochta agus cultúir a bheidh ann sa todhchaí a shárú go rathúil". Díreofar ar dhul chun cinn maidir leis an uaillmhian sin le linn shaolré an Straitéis nua seo a chur chun feidhme.

### 1.4.2 Fostaíocht agus na bearnaí inscne

Tá rátaí rannpháirtíochta na mban sa mhargadh saothair tar éis dul ar ais chuig leibhéil na bliana 2006 agus ba é a bhí ann i ráithe 4 den bhliain 2016 ná 53.3%[4]. Tháinig méadú 2.7% ar an líon ban i bhfostaíocht i ráithe 4 den bhliain 2016 i gcomparáid le ráithe 4 den bhliain 2015. Ach tá bearna 14 phointe céatadáin ann i gcónaí idir ráta rannpháirtíochta na mban sa mhargadh saothair agus ráta rannpháirtíochta na bhfear, is é sin, 67.1% i ráithe 4 den bhliain 2016. Cé go bhfuil an cion fear atá ag obair go páirtaimseartha tar éis méadú faoi dhó ó bhí an bhliain 2006 ann, i ráithe 4 den bhliain 2016 bhí an dóchúlacht go mbeadh mná i bhfostaíocht pháirtaimseartha beagnach trí oiread níos mó ná an ráta i gcás na bhfear, agus bhí an tríú cuid de na mná i bhfostaíocht pháirtaimseartha.

### 1.4.3 Ioncam

Tá leibhéil chomhsheasmhacha bochtaineachta níos airde i gcás na mban ná mar atá i gcás na bhfear. Sa bhliain 2015, ba é a bhí sa ráta bochtaineachta comhsheasmhaí do mhná ná 9.1% i gcomparáid le 8.3% d'fhir. I gcás na mban atá os cionn 65 bliana d'aois, is é atá sa riosca bochtaineachta ná 2.6%, ar figiúr é sin atá rud beag níos ísle ná an riosca i gcás na bhfear, is é sin, 2.9%. Tá sraith beart curtha i gcrích ag an Rialtas chun aghaidh a thabhairt ar leibhéil na bochtaineachta comhsheasmhaí. I mBuiséad 2017, rinneadh méadú €5 sa tseachtain ar rátaí íocaíochta leasa shóisialaigh do phinsinéirí, do dhaoine faoi mhíchumas, do chúramóirí, do bhaintreacha, do thuismitheoirí aonair agus do chuardaitheoirí poist. I mí Eanáir 2017, mhéadaigh an Rialtas leibhéal an Phá Íosta Náisiúnta go dtí €9.25 san uair an chloig.

4 An Phríomh-Oifig Staidrimh, Príomhtháblaí Amshraitheanna QNHS, QNHScoreQ42016."

### 1.4.4 Foréigean i gcoinne Ban

Tá foréigean baile agus inscnebhunaithe á fhulaingt ag mná i gcónaí i ngach aicme agus i ngach staid shóisialta. De réir staidéar *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha* (FRA), a foilsíodh sa bhliain 2014, bhí foréigean gnéasach, arna dhéanamh ag páirtnéir nó ag duine nach páirtnéir fulaingthe ag 8% de na mná a bhí páirteach sa suirbhé in Éirinn ó bhí siad 15 bliana d'aois.De réir an tsuirbhé chéanna, bhí foréigean fisiceach, arna dhéanamh ag páirtnéir nó ag duine nach páirtnéir fulaingthe ag 24% de na mná a bhí páirteach sa suirbhé in Éirinn ó bhí siad 15 bliana d'aois. Feabhsóidh an Bille um Fhoréigean Baile na bearta reachtacha atá ar fáil sa chóras dlí shibhialta chun tacú le híospartaigh agus chun iad a chosaint.

### 1.4.5 Oideachas agus Oiliúint

Cé go bhfuil mná ag déanamh níos fearr ná fir i gcónaí ó thaobh rátaí gnóthachtála oideachais de, is díol suntais é go bhfuil tearcionadaíocht ag mná fós i gcúrsaí agus i ngairmréimeanna de chineál STEM. Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna tiomanta i leith aghaidh a thabhairt ar an éagothromaíocht inscne ó thaobh ábhair STEM a dhéanamh agus beidh Ráiteas Beartais faoi Oideachas STEM, agus plean forfheidhmithe, á n-ullmhú aici i rith na bliana 2017. Tá tionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí i dtaca le gairmréimeanna STEM do mhná á gcur i gcrích ag fostóirí agus ag comhlachtaí fostóra freisin mar aitheantas don tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar ionadaíocht éagothrom na mban san earnáil sin.

Tá líon na mban atá i mbun printíseachta íseal i gcónaí, rud a admhaítear in Athbhreithniú 2014 ar Oiliúint Phrintíseachta in Éirinn agus a léiríonn comhchruinniú na bprintíseachtaí in earnálacha ina bhfuil leibhéil ísle fostaíochta do mhná de ghnáth. D'ainneoin go dtairgeann SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna, sparánacht d'fhostóirí chun spreagadh a thabhairt dóibh printísigh bhaineanna a fhostú sna réimsí sin, tá an líon ban a thógann printíseachtaí íseal fós. Bunaíodh an Chomhairle Phrintíseachta de bhun Athbhreithniú 2014 agus tá formhaoirseacht á déanamh aici ar leathnú an chórais printíseachta isteach i raon réimsí nua de gheilleagar na hÉireann. Le roinnt míonna anuas, tá tús curtha leis an gcéad cheann de na cláir nua seo agus rachfar i mbun printíseachtaí nua sa bhliain 2017 agus bainfidh cuid mhór acu le hearnálacha ina bhfuil fórsa saothair de chineál níos cothroime ó thaobh cúrsaí inscne de. Mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta le Cúrsaí Printíseachta agus Cúrsaí Oiliúna a Fhorbairt in Éirinn 2016-2020 a foilsíodh le déanaí, ós rud é go bhfuil an córas printíseachta á leathnú chuig réimsí nua, déanfaidh SOLAS athbhreithniú ar na conairí atá ann chun rochtain a fháil ar phrintíseacht i raon grúpaí ilchineálacha, lena n-áirítear rannpháirtíocht ag mná. Cuirfear an t-athbhreithniú i gcrích sa bhliain 2018 agus déanfar aon mholtaí a éireoidh as a chur chun feidhme láithreach. Mar chuid den phlean chun cúrsaí printíseachtaí a fhorbairt, tionscnóidh SOLAS feachtas nua brandála agus margaíochta trína ndéanfar fiúntais printíseachta do mhná agus dá bhfostóirí ionchasacha a chur chun cinn.

### 1.4.6 Mná faoi mhíbhuntáiste ar leith

Tá dúshlán ann mar gheall ar an éagsúlacht a ghabhann le cúrsaí na mban ós rud é gur féidir difríochtaí móra a bheith ann idir torthaí i réimsí na fostaíochta, na bochtaineachta, na ceannaireachta agus an leasa, ag brath ar staid na mná atá i gceist. I dtaca le raon réimsí, bíonn torthaí go mór níos laige ann i gcás ban de chuid an Lucht Siúil. Tá na rátaí

rannpháirtíochta sa mhargadh saothair i gcónaí i bhfad níos ísle i gcás tuismitheoirí aonair agus ban faoi mhíchumas. I dtéarmaí fostaíochta agus rochtana ar acmhainní, is laige go mór na torthaí a bhíonn ann freisin do mhná de chuid an phobail Romaigh agus do roinnt imirceach baineann. Níl an tuiscint chéanna ann ar riachtanais daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI) agus is lú an méid freagairtí beartais atá ann dá bharr sin. Tá gá le bearta gníomhaíochta dearfaí i gcás ina mbíonn míbhuntáistí áirithe ann i leith catagóirí sonracha ban.

### 1.4.7 Saincheisteanna Bunreachtúla

Scrúdaigh an Coinbhinsiún ar an mBunreacht Airteagal 41.2 den Bhunreacht a mhéid a bhaineann sé le saol na mná sa teaghlach agus chuir sé tuarascáil ar fáil ina leith sin i mBealtaine 2013. Scrúdaigh Tascfhórsa oifigeach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais moltaí an Choinbhinsiúin ina dhiaidh sin agus chuir sé tuarascáil ar fáil ina leith sin. Tá gealltanas ann sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta á rá go seolfar reifreann faoin bhforáil sin. Agus an méid sin á chur san áireamh, cuirfear tograí ar aghaidh maidir le Bille chun an Bunreacht a leasú agus breithneoidh an Rialtas na tograí sin.

I gcomhréir lena ghealltanas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, bhunaigh an Rialtas Tionól Saoránach sa bhliain 2016 chun breithniú a dhéanamh ar an Ochtú Leasú ar an mBunreacht (Airteagal 40.3.3) agus déanfar conclúidí an Tionóil faoin ábhar a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais chun tuilleadh díospóireachta a dhéanamh ina leith níos déanaí sa bhliain 2017.

Is é is éifeacht don Ochtú Leasú (Airteagal 40.3.3) ná ginmhilleadh a thoirmeasc in Éirinn ach amháin i gcás ina bhfuil beatha mná toircheasaí i mbaol. Leis an Acht um Chosaint na Beatha le linn Toirchis 2013, déantar rialáil ar rochtain ar fhoirceannadh toirchis - is é is príomhaidhm don Acht ná an toirmeasc ginearálta ar ghinmhilleadh in Éirinn a athshonrú agus, ag an am céanna, rialáil a dhéanamh ar rochtain ar fhoirceannadh dleathach toirchis de réir chás X agus an bhreithiúnais ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine i gcás A, B agus C v Éire.

## 1.5 Cad a bheidh ann mar thoradh ar an Straitéis

Soláthraíonn Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020 an creat beartais ar dá réir a leagfar amach clár oibre agus tosaíochtaí an Rialtais i ndáil le cur chun cinn an chomhionannais do mhná sna ceithre bliana atá díreach romhainn. Is ionann í agus cur chuige uile-Rialtais chun feabhas a chur ar thorthaí do mhná, aithnítear inti go bhfuil freagracht chomhroinnte ann i leith na torthaí sin a bhaint amach agus aithnítear inti an tábhacht a bhaineann le bearta a dhéanamh trína mbaintear an leas is fearr is féidir as na hacmhainní atá ar fáil.

Roghnaíodh an t-amscála ceithre bliana chun baint amach torthaí nithiúla ag céim luath a chur san áireamh, rud a rannchuideoidh le dul chun cinn incriminteach i réimsí éagsúla.

Is é atá san aidhm fhoriomlán ná athrú a dhéanamh ar dhearcadh agus ar chleachtais a choisceann ar mhná agus ar chailíní páirt iomlán a ghlacadh san oideachas, san fhostaíocht agus sa saol poiblí ar gach leibhéal agus feabhas a chur ar sheirbhísí do mhná agus do chailíní, agus tús áite á thabhairt do riachtanais na ndaoine sin a fhaigheann na torthaí is laige nó ar baol

dóibh na torthaí is laige a fháil. Agus cóir chomhionann do mhná agus do chailíní agus cumhachtú ban agus cailíní á gcur chun cinn, cuimsíonn an Straitéis seo daoine a bhfuil a dtréithe gnéis, a bhféiniúlacht inscne agus a léiriú inscne baineann.

Díreoidh an creat beartais ar na torthaí seo a leanas - is é sin le rá, gur ceart go mbeadh mná agus cailíní in Éirinn in ann:

- sláindáil eacnamaíochta a bheith acu, chomh maith le deiseanna socheacnamaíochta atá comhionann leis na deiseanna atá ag fir agus ag buachaillí a bheith acu;

- sláinte fheabhsaithe, idir fhisiciúil agus mheabhrach, a bheith acu;

- saoránacht chomhionann ghníomhach a fheidhmiú;

- páirt chomhionann a ghlacadh sa cheannaireacht i ngach réimse de shaol na hÉireann;

- laghdú ar fhoréigean inscnebhunaithe a bhrath;

agus go ndéantar dearcadh inscne a chur san áireamh i sásra an rialtais.

Tá na torthaí sin i gcomhréir leis an gclár oibre domhanda maidir le comhionannas inscne a bhaint amach agus maidir le gach bean agus cailín a chumhachtú de réir mar atá leagtha amach in 'Dearbhú Béising agus an Clár Oibre le haghaidh Gníomhaíochta' agus in Aidhm 5 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe.

Leagann an Straitéis amach na gníomhaíochtaí atá le cur i gcrích chun na torthaí sin a bhaint amach, na bearta chun cur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí sin a chumasú, agus chun tacú leis sin, agus na socruithe trína ndéanfar an dul chun cinn a rianú agus a athbhreithniú. Agus an éagsúlacht a ghabhann le cúrsaí na mban agus na gcailíní a haithint, beidh sé mar aidhm ag gníomhartha leathana an éagsúlacht sin a chur san áireamh i gcás inar féidir sin. De bhreis air sin, tá gníomhartha sonracha á moladh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a dhéanann difear do ghrúpaí sonracha ban agus cailíní.

Is ceart go mbeadh forbairt tograí chun na gníomhaíochtaí atá ann sa Straitéis go hiomlán i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí chun a chinntiú go bhfaightear an luach ar airgead is fearr is féidir aon uair atá airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú, chun tacú le baint amach na gcuspóirí lena mbaineann na gníomhaíochtaí agus chun na sonraí a sholáthar atá riachtanach chun tionchar agus éifeachtacht a mheasúnú.



# 2. Comhairliúchán

## 2.1 Comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta agus leis an bpobal

Foilsíodh páipéar comhairliúcháin phoiblí ar an 23 Samhain 2016 agus lorgaíodh aighneachtaí i scríbhinn maidir leis na cuspóirí ardleibhéil agus na torthaí inmhianaithe i ndáil leis an Straitéis agus maidir leis na tosaíochtaí i leith gníomhaíochta thar na 4 bliana atá romhainn. Sheol an Tánaiste, Proinséas Mhic Ghearailt TD, agus an tAire Stáit, David Stanton TD, an comhairliúchán ar mheáin shóisialta agus ghlac siad páirt ghníomhach sna comhairliúcháin freisin. Bhí an próiseas ar oscailt chun glacadh le haighneachtaí i scríbhinn go dtí deireadh mhí Eanáir 2017 agus fuarthas 95 aighneacht i scríbhinn.

I rith mhí na Nollag agus mhí Eanáir, bhí sraith cruinnithe poiblí ann freisin le geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne i gCorcaigh, i mBaile Átha Luain, i mBaile Átha Cliath agus i Sligeach, agus iad bunaithe ar an bpáipéar comhairliúcháin phoiblí. Déanfar tuarascáil achomair ar na tuairimí a léirigh na rannpháirtithe ag na cruinnithe sin a fhoilsiú ar www.genderequality.ie.

## 2.2 Obair an Choiste Straitéise

Ceapadh Coiste Straitéise i mí Feabhra 2017 chun comhairle a thabhairt don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le hullmhú agus cur chun feidhme na Straitéise nua. I measc chomhaltaí an choiste áiríodh ionadaithe ó gach Roinn Rialtais, ó FSS, ó Fhiontraíocht Éireann agus ó Chumann Bainistíochta Cathrach agus Contae, ó Ibec, ó Chomhdháil na gCeardchumann, ó Chomhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn, ón USI, ó Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann, ón Wheel agus ón gComhghuaillíocht Phobail. Tá comhaltas an Choiste Straitéise leagtha amach in ***Aguisín I***.

Ba iad seo a leanas téarmaí tagartha an Choiste Straitéise:

1. Tabharfaidh an Coiste Straitéise ("an Coiste") comhairle maidir le forbairt agus cur chun feidhme na Straitéise nua ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

2. Tabharfaidh an Coiste comhairle don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis na nithe seo a leanas, ag féachaint do thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí a bhí ann chun eolas a bhailiú do Straitéis Náisiúnta nua na mBan agus ag féachaint d'oilteacht agus do thaithí na gcomhaltaí ar leithligh:

    - saincheisteanna tábhachtacha do mhná agus do chailíní in Éirinn arb iad na saincheisteanna is tábhachtaí iad a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu thar na ceithre bliana atá díreach romhainn;

    - na cuspóirí ardleibhéil tosaíochta atá le saothrú faoi Straitéis Náisiúnta nua na mBan;

    - na torthaí ar ceart díriú orthu mar thorthaí atá le baint amach ag an Straitéis; agus

- gníomhaíochtaí a bhféadfaí iad a chur i gcrích chun na cuspóirí sin a chur ar aghaidh agus na torthaí sin a bhaint amach.

3. Soláthróidh an Coiste faisnéis don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis na nithe seo a leanas:

   - sonraí a bhaineann leis an staid maidir le comhionannas inscne in Éirinn;
   - táscairí, spriocanna agus modhanna maidir le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i ndáil le comhionannas inscne a bhaint amach in Éirinn;
   - aon ábhair iomchuí eile.

Tháinig an Coiste le chéile trí huaire i rith mhí Feabhra agus mhí an Mhárta 2017.



# 3. Struchtúr na Straitéise

Is é atá in aidhm fhoriomlán na Straitéise don tréimhse 2017-2020 ná

> **athrú a dhéanamh ar dhearcadh agus ar chleachtais a choisceann ar mhná agus ar chailíní páirt iomlán a ghlacadh san oideachas, san fhostaíocht agus sa saol poiblí ar gach leibhéal agus feabhas a chur ar sheirbhísí do mhná agus do chailíní, agus tús áite á thabhairt do riachtanais na ndaoine sin a fhaigheann na torthaí is laige nó ar baol dóibh na torthaí is laige a fháil.**

Tá sé beartaithe an aidhm sin a chur ar aghaidh trí shé chuspóir ardleibhéil mar a leanas:

- Comhionannas socheacnamaíochta a chur ar aghaidh do mhná agus do chailíní
- Sláinte fhisiceach agus meabhairshláinte agus leas na mban agus na gcailíní a chur ar aghaidh
- A chinntiú go bhfuil ról sofheicthe ag mná agus ag cailíní sa tsochaí, agus saoránacht chomhionann ghníomhach a áirithiú dóibh
- Mná a chur ar aghaidh i dtaca le ceannaireacht ar gach leibhéal
- Cur i gcoinne an fhoréigin in aghaidh na mban
- Comhionannas inscne a leabú mar chuid den chinnteoireacht

Tá gníomhartha atá le déanamh i ndáil le gach ceann ar leith de na cuspóirí sin leagtha amach i gcaibidlí 5 go 10.

Tá sé beartaithe gur doiciméad beo é an Straitéis. Cuirfear tuilleadh gníomhaíochtaí léir más gá sin thar a saolré.



# 4. Faireachán agus Tuairisciú maidir le Cur i bhFeidhm

## 4.1 An Coiste Straitéise

Leanfaidh an Coiste Straitéise, faoi cheannas an Aire Stáit ar a bhfuil freagracht i ndáil le comhionannas inscne, de bheith ag teacht le chéile ar bhonn rialta tar éis fhoilsiú na Straitéise agus de chomhairle a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise. Beidh sé de chúram ar an gCoiste freisin measúnacht a dhéanamh i dtaobh an bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise maidir le saincheisteanna sonracha nó i dtaobh an gá gníomhaíochtaí breise a chur leis an Straitéis nó athruithe a dhéanamh chun déileáil le riachtanais athraitheacha, agus moltaí a dhéanamh don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis an méid sin.

Tá sé beartaithe go mbeadh deis ann gníomhaíochtaí breise a chur leis an Straitéis thar a saolré.
Déanfar tosaíochtaí a leagan amach i ndáil leis na gníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme ar dtús. Le linn na céime tosaigh den chur chun feidhme, forbrófar córas soilse tráchta a mbeidh mar aidhm aige a chur ar chumas an Choiste Straitéise faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le gníomhaíochtaí ar leithligh agus laistigh de gach cuspóir.

Tabharfaidh an Rannán Comhionannais Inscne sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tacaíocht don Choiste Straitéise le linn dó a bheith i mbun oibre agus déanfaidh an rannán sin comhordú ar chur i bhfeidhm na Straitéise freisin, agus beidh teagmháil leanúnach ann le Ranna, gníomhaireachtaí agus geallsealbhóirí iomchuí chun a chinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh mar atá beartaithe.

Bunófar foirne idir-Roinne chun fadhbanna a réiteach i gcás ina dtagann fadhbanna chun cinn le linn gníomhaíochtaí a chur chun feidhme.

Déanfar iniúchtaí ar an Straitéis i dtaca le luach ar airgead agus i dtaca lena tionchar foriomlán. Déanfar athbhreithniú lárthéarma ar an Straitéis i lár na bliana 2019 agus déanfar measúnú neamhspleách sa bhliain 2021 freisin.

Ar bhonn obair an Choiste Straitéise, tíolacfar tuarascálacha ar dhul chun cinn don Choiste Comh-Aireachta ar Bheartas Sóisialta agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus foilseofar ar bhonn bliantúil iad ar láithreán gréasáin comhionannais inscne na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, www.genderequality.ie.

## 4.2 Spriocanna agus Táscairí a shainiú

Forbróidh an Rannán Comhionannais Inscne spriocanna agus táscairí cuí agus déanfar aschuir agus tionchair ghníomhaíochtaí na Straitéise a thomhas i gcomparáid leis na spriocanna agus leis na táscairí sin. Tabharfaidh an Coiste Straitéise comhairle maidir le forbairt spriocanna agus táscairí i leith faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na Straitéise.

## 4.3 Clár ama don fhaireachán agus don athbhreithniú

| Gníomhaíocht | Amscála |
|---|---|
| Spriocanna agus táscairí a bheith comhaontaithe do gach gníomhaíocht. | R3 2017 |
| 1ú tuarascáil ar dhul chun cinn a bheith tíolactha. | R2 2018 |
| 2ú tuarascáil ar dhul chun cinn a bheith tíolactha. | R2 2019 |
| Athbhreithniú lárthéarma a bheith críochnaithe. | Lár 2019 |
| 3ú tuarascáil ar dhul chun cinn a bheith tíolactha. | R2 2020 |
| Tuarascáil measúnúcháin deiridh a bheith tíolactha. | R2 2021 |



# 5. Cuspóir a hAon: Comhionannas Socheacnamaíochta a Chur ar Aghaidh do Mhná agus do Chailíní

Tá bacainní ann fós a chuireann cosc ar mhná agus ar chailíní comhionannas socheacnamaíochta a bhaint amach. I measc na saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu áirítear an bhearna inscne i dtaca le cúrsaí pá de, na céatadáin is airde atá ann dtaca le mná i bhfostaíocht ísealphá agus neamhbhuan, an riosca is airde ó thaobh bochtaineachta i measc tuismitheoirí aonair, an gá lena chinntiú go bhfuil cúram ardchaighdeáin leanaí ar fáil ar chostas réasúnach, deighilt leantach na mban ó thaobh ceirdeanna de, agus na rátaí níos ísle ó thaobh banfhiontraithe de.

Tá sé beartaithe leis an Straitéis go dtacófar le máithreacha i bhfostaíocht íoctha trí na teidlíochtaí saoire teaghlaigh atá ar fáil do thuismitheoirí leanaí óga a leathnú agus trí scéim nua náisiúnta maidir le tacaíocht airgeadais do thuismitheoirí i gcomhair chostas an chúraim leanaí a chur chun feidhme.

Tá sraith beart á moladh chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna inscne i dtaca le cúrsaí pá de. Ina measc siúd áireofar suirbhéanna pá a thabhairt isteach, agus iad le déanamh ag cuideachtaí ina bhfuil níos mó ná 50 fostaí, agus uirlisí praiticiúla a fhorbairt chun a chumasú do chuideachtaí an bhearna inscne i dtaca le cúrsaí pá de a ríomh agus aghaidh a thabhairt ar an mbearna inscne sin.

Tacófar le banfhiontraithe trí shraith clár maoiniúcháin agus trí mhéadú a dhéanamh ar na deiseanna líonraithe ar an leibhéal áitiúil.

Tabharfar aghaidh ar staid na mban faoi mhíbhuntáiste i bhfostaíocht trí mhéadú a dhéanamh ar an bPá Íosta Náisiúnta, trí reachtaíocht a thabhairt isteach chun rialáil a dhéanamh ar obair neamhbhuan agus trí Íocaíocht Teaghlaigh Oibre a thabhairt isteach.

Tá bearta á moladh chun feabhas a chur ar rochtain ar dheiseanna oideachais agus oiliúna, go háirithe do thuismitheoirí aonair agus do mhná atá eisiata go sóisialta agus atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht.

Déanfar Ráiteas Beartais Náisiúnta faoi Oideachas STEM[5] a fhorbairt chun spreagadh a thabhairt i leith líon níos airde cailíní a bheith ag dul i mbun ábhair eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice. Ina theannta sin, déanfar athbhreithniú a bheidh dírithe ar an tslí inar féidir feabhas a chur ar rannpháirtíocht na mban i bprintíseachtaí. Is é atá san aidhm atá ann ná leathnú a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil do chailíní agus laghdú a dhéanamh ar dheighilt na mban i dtaca le ceirdeanna de.

Agus é mar aidhm a chinntiú go gcuireann an beartas pinsin pátrúin éagsúla oibre na mban san áireamh, déanfar athchóirithe beartais pinsin amach anseo a phromhadh ó thaobh inscne de chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar mhná agus ar fhir araon.

5 Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM)

**Tá Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus comhpháirtithe tiomanta cheana féin i leith an méid seo a leanas:**

- Gníomhartha a dhéanamh maidir le bochtaineacht agus uilechuimsitheacht shóisialta tríd an *bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta*.

- Staideanna sonracha socheacnamaíochta grúpaí áirithe a chur ar aghaidh, amhail mná imirceacha, mná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, agus mná LGBTI, agus mná faoi mhíchumas, tríd an *Straitéis maidir le Comhtháthú Imirceach* agus an *Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas* agus trí na straitéisí seo a leanas atá á ndréachtú faoi láthair: *An Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú an Lucht Siúil agus na Romach, An Straitéis Náisiúnta um Uilechuimsiú LGBTI*, agus *An Straitéis Náisiúnta um Uilechuimsiú Daoine Faoi Mhíchumas*. Déanfar faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme gach ceann de na straitéisí sin ar bhonn imdhealaithe ó thaobh inscne de.

- Soláthrófar 47,000 aonad tithíochta sóisialta trí *Rebuilding Ireland*.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal agus ar threocht na rannpháirtíochta ag mná i bprintíseachtaí sa bhliain 2018 agus an *An Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025, An Plean Gníomhaíochta Scileanna ICT 2014-2018* agus an *Plean Gníomhaíochta le Cúrsaí Printíseachta agus Oiliúna a Fhorbairt 2016-2020* a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, athbhreithneofar seirbhísí treorach, uirlisí agus faisnéis ghairmréime do mhic léinn scoile agus d'aosaigh agus molfar athruithe chun feabhas a chur ar na seirbhísí atá ar fáil.

- A chinntiú nach mbíonn rochtain ar bhreisoideachas agus ar ardoideachas ag brath ar inscne, ar mhíbhuntáiste socheacnamaíochta, etc., tríd an *bPlean Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachas 2015-2019* agus tríd an *Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019*.

- Béim a leagan ar rannpháirtíocht ag mná sa mhargadh saothair agus ar fhiontraíocht ag mná tríd an *bPlean Gníomhaíochta do Phoist* agus trí chláir *Bhealaí chun na hOibre* a chur chun feidhme.

- Feabhas a chur ar dhul chun cinn gairmréime do thaighdeoirí agus ar thionscnaimh atá ann cheana féin chun rannpháirtíocht na mban sa taighde agus i ngníomhaíochtaí nuálaíochta a fheabhsú trí *Nuálaíocht 2020: Straitéis na hÉireann maidir le taighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht*.

- Fiontraíocht na mban a chur chun cinn mar ábhar tábhachtach san athbhreithniú lárthéarma ar an *Ráiteas Beartais Náisiúnta ar Fhiontraíocht in Éirinn*.

- Banfhiontraithe a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe in Éirinn a chur chun cinn trí *"Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe: Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe"* a chur chun feidhme.

- An *Straitéis Náisiúnta Óige*, arb é is aidhm fhoriomlán dí ná cur ar chumas gach duine óig barr a gcumais a bhaint amach, trí mheas a léiriú dá gcuid ceart agus trí éisteacht lena nglór, agus á gcosaint agus ag tacú leo nuair a aistríonn siad ón óige go saol an duine lánfhásta, a chur chun feidhme. Prionsabal tábhachtach atá fite fuaite sa straitéis is ea a chinntiú go ndéantar dearcadh

comhionannais a chomhtháthú i ngach beartas agus i ngach cleachtas.

- *An Plean Gníomhaíochta maidir le Cúram Leanaí Aoise Scoile (Márta 2016)*, inar tugadh suntas do thábhacht an chúraim leanaí iarscoile i leith fás leantach na rannpháirtíochta ag mná sa mhargadh saothair, a chur chun feidhme.

- *An Páipéar Ban ar Chosaint 2015*, ina dtugtar aghaidh ar an éagothromaíocht inscne in Óglaigh na hÉireann agus, freisin, ar ár ngealltanas i leith dearcadh inscne a áireamh inár gcur chuige maidir le beartas, pleanáil agus oibríochtaí cosanta, a chur chun feidhme.

- An *Creat Gníomhaíochta i ndáil le Domhan Amháin, Todhchaí Amháin, Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta* a chur chun feidhme.



## Is iad seo a leanas na Gníomhaíochtaí Straitéise don tréimhse 2017-2020:

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Tacaíochtaí feabhsaithe do thuismitheoirí atá ag obair | 1.1 Sraith tacaíochtaí tuismitheoireachta a sholáthar do theaghlaigh agus do thuismitheoirí atá ag obair. | 2020 | RLGÓ |
| Saoire theaghlaigh agus cóimheá oibre-saoil a bheith ar fáil ar bhonn níos leithne chun tacú le tuismitheoirí i ndáil leis an ról atá acu i leith cúram leanaí | 1.2 Tograí a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme an ghealltanais sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta á rá go ndéanfar an tsaoire le pá le linn na chéad bhliana de shaol linbh a leathnú faoi dheireadh na bliana 2017 agus go n-achtófar reachtaíocht ina leith a luaithe is féidir dá éis sin. | 2017-2020 | RDCC (i gceannas), Ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí |
| | 1.3 Tionscnaimh a chur chun cinn chun tacú le mná atá ag filleadh ar an obair tar éis saoire mháithreachais. | 2017-2020 | RDCC (i gceannas), Ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí |
| Rochtain a bheith ag gach tuismitheoir ar chúram leanaí ardchaighdeáin ar chostas réasúnach | 1.4 Scéim nua náisiúnta tacaíochta airgeadais a chur chun feidhme do thuismitheoirí, ar bhonn céimnithe, i gcomhair chostas an chúraim leanaí. | 2017 | RLGÓ |
| | 1.5 Uasmhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as scoileanna agus as saoráidí láithreacha pobail a bhfuil timpeal-lachtaí oiriúnacha ar fáil iontu le haghaidh cúraim leanaí aoise scoile i gcás éileamh a bheith ann ina leith agus i gcás inar féidir le pátrún/hiontaobhaithe na scoile é a éascú. Breithniú a dhéanamh i dtaobh conas a d'fhéadfaí úsáid foirgneamh scoile a éascú, agus saincheisteanna atá ardaithe go dtí seo á gcur san áireamh, agus dul i dteagmháil le húinéirí maoine agus le húdaráis scoile d'fhonn úsáid mhéadaithe foirgneamh scoile a éascú, i gcás inarb indéanta sin. Dul i dteagmháil freisin leis na geallsealbhóirí oideachais iomchuí agus leis na húinéirí maoine iomchuí chun úsáid foirgneamh scoile lasmuigh d'uaire scoile a éascú. | R2 2017 | ROS (i gceannas), RLGÓ |
| Faisnéis a bheith bailithe chun tacú le hinfheistíocht Rialtais i gcúram leanaí | 1.6 Athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le cúram leanaí ardchaighdeáin a sholáthar i suímh phríobháideacha agus i suímh phobail i gcomhréir le gairmiúlú leanúnach na hearnála, agus an t-athbhreithniú sin a fhoilsiú. | 2018 | RLGÓ |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Rochtain mhéadaithe ar dheiseanna oiliúna do mhná | 1.7 Maoiniúchán a thabhairt chun cúrsaí do mhná a sholáthar go háitiúil, agus sraith deiseanna oiliúna maidir le féinfhorbairt agus scileanna gaolmhara oibre a bheith ann, chun cabhrú le filleadh ar an margadh saothair agus chun fiontraíocht a chur chun cinn. | 2017-2020 | RDCC |
| A bheith tar éis dul i ngleic leis an éagothromaíocht inscne in oideachas agus i ngairmréimeanna STEM | 1.8 Ráiteas Beartais Náisiúnta ar Oideachas STEM, mar aon le plean cur chun feidhme, a ullmhú agus freagrachtaí agus amlínte a bheith leagtha amach go soiléir. | R2 2017 | ROS |
| | 1.9 Athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar taighde atá ann faoi na bacainní a chuireann cosc ar mhná gabháil do ghairmréimeanna STEM, lena n-áirítear ábhair STEM a dhéanamh ag an leibhéal iar-bhunscoile. | R3 2017 | ROS |
| | 1.10 Treoirlínte a chur i bhfeidhm maidir le cur chun cinn gairmréimeanna STEM i measc daoine óga agus tuismitheoirí (leanaí bunscoile agus iar-bhunscoile), i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, le tuismitheoirí, le treoirchomhairleoirí, le hinstitiúidí ardoideachais, leis an earnáil Bhreisoideachais, le mic léinn agus leis an tionscal, agus aird ar leith á tabhairt d'éagothromaíocht inscne. Is ceart samplaí den dea-chleachtas agus impleachtaí ó thaobh acmhainní de a chur san áireamh sna treoirlínte. | R4 2017 | ROS |
| Rannpháirtíocht mhéadaithe ag mná i bprintíseachtaí | 1.11 Athbhreithniú a choimisiúnú i ndáil leis nabealaí a bhféadfaí a bheith rannpháirteach i bprintíseacht agus moltaí a chur chun feidhme ina dhiaidh sin. Scrúdóidh an t-athbhreithniú pátrúin rannpháirtíochta i bprintíseacht i gcás grúpaí ilchineálacha, lena n-áirítear rannpháirtíocht ag mná, agus sainaithneoidh sé aon bhacainní atá ann agus déanfaidh sé moltaí don todhchaí. | 2018 | SOLAS, ROS |
| Líon méadaithe ban ag filleadh ar an margadh saothair | 1.12 Poiblíocht a thabhairt do cháilitheacht teaghlachóirí iarratas a dhéanamh ar chúrsaí Springboard+[6] ó Mheitheamh 2017 ar aghaidh agus faireachán a dhéanamh ar an líon iarratas de réir inscne. | ó Mheitheamh 2017 ar aghaidh | ROS, ÚAO |
| Tá an ráta fostaíochta i measc na mban le tabhairt níos gaire do 69-71% chun sprioc Eoraip 2020 d'Éirinn a chomhlíonadh | Tá an ráta fostaíochta i measc na mban le tabhairt níos gaire do 69-71% chun sprioc Eoraip 2020 d'Éirinn a chomhlíonadh | 2017-2020 | RDCC, Ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí |

6 Ón mbliain 2017 ar aghaidh, tá leathnú déanta ar na critéir cháilitheachta do chláir Springboard+ a fhaigheann maoiniúchán ESF chun teaghlachóirí a chur san áireamh. Soláthraíonn sé sin cúrsaí oideachais lánaimseartha agus páirtaimseartha saor in aisce, ar leibhéal 6 (ardteastas) go leibhéal 9 (céim mháistreachta) den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, i réimsí ina bhfuiltear tar éis riachtanais ó thaobh scileanna de agus/nó deiseanna fostaíochta a shainaithint. Go dtí seo, baineann na cúrsaí atá curtha ar fáil le réimsí amhail ICT, an earnáil bhithchógaisíochta, tógáil, fiontraíocht, scileanna trasearnála, an earnáil aíochta agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta.

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Feabhas ar staid na mban ar phá íseal agus/nó i bhfostaíocht neamhbhuan nó i bhfostaíocht lena ngabhann líon íseal uaire oibre | 1.14 Tá sé mar aidhm méadú a dhéanamh ar an bpá íosta go dtí €10.50 san uair an chloig thar na cúig bliana atá romhainn, de réir na moltaí a thiocfaidh ón gCoimisiún um Pá Íseal maidir le leibhéal an choigeartaithe gach bliain. | 2017-2020 | RDCC, an Coimisiún um Pá Íseal |
| | 1.15 Reachtaíocht a thabhairt ar aghaidh chun déileáil le fadhbanna atá ann mar thoradh ar an méadú ar dhíbhuanú na hoibre agus chun rialáil na hoibre neamhbhuaine (i measc fear agus ban) a neartú. | Faoin mbliain 2020 | RPFN |
| Rannpháirtíocht mhéadaithe ag mná in Óglaigh na hÉireann | 1.16 Tuilleadh tionscnamh a fhorbairt chun spreagadh a thabhairt do líon níos mó ban iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht in Óglaigh na hÉireann agus chun méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mban i ngach céim. Áireoidh sé sin suirbhé chun aon bhac ar dhul chun cinn ban sna Buan-Óglaigh a shainaithint agus, chomh maith leis sin, an tionchar a imríonn cúrsaí gairmréime agus seirbhís thar lear ar an líon ban a choinnítear agus a théann chun cinn a shainaithint. | 2017-2020 | R/Cosanta |
| Feasacht mhéadaithe i measc ban, agus i measc fostóirí, faoi chearta agus faoi shásraí sásaimh | 1.17 Staitisticí a fhoilsiú uair amháin gach sé mhí maidir le cinntí comhionannais fostaíochta ón gCoimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (CCIO), agus iad imdhealaithe de réir na naoi bhforas a bhaineann le hidirdhealú. | Leanúnach | CCIO |
| Gníomhaíocht mhéadaithe ag gnóthaí i ndáil le comhionannas agus éagsúlacht | 1.18 Breithniú a dhéanamh i dtaobh na bhféidearthachtaí agus na dtairbhí a bhainfeadh le "marc Comhionannais, Éagsúlachta agus Uilechuimsitheachta" don réimse gnó. | 2018-2019 | RDCC (i gceannas), i gcomhairle le RPFN, Ibec agus ICTU. |
| Tacaíocht a bheith á tabhairt do mhná atá eisiata go sóisialta, go háirithe iad siúd atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht, chun rochtain a fháil ar oideachas, ar oiliúint agus ar dheiseanna fostaíochta | 1.19 Tacú le forbairt pobail na mban, agus acmhainní a chur ar fáil dó sin, chun seirbhísí agus tacaíocht a sholáthar do mhná atá eisiata go sóisialta. Tacú le heagraíochtaí pobail, amhail Grúpaí de chuid Comhchoiste Náisiúnta na Líonraí Ban Pobalbhunaithe, a bhíonn i dteagmháil le mná faoi mhíbhuntáiste chun cumas a bhunú agus chun rannpháirtíocht a mhéadú i gcláir shocheacnamaíochta phobalbhunaithe atá ann cheana féin. | 2017-2020 | RDCC (i gceannas) agus Ranna iomchuí |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Rochtain fheabhsaithe ar dheiseanna oideachais, oiliúna agus fostaíochta do mhná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach | 1.20 Gníomhaíochtaí a chur san áireamh sa Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú an Lucht Siúil agus na Romach (2017-2020) a bheidh ann le gairid chun tacaíocht a chur ar fáil do thionscnaimh a bhaineann le hoideachas agus fostaíocht do mhná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, lena n-áirítear tacaíochtaí pobalbhunaithe a sholáthar d'fhonn leanaí de chuid an Lucht Siúil agus na Romach a choimeád sa chóras oideachais. | 2017-2020 | RDCC (i gceannas) |
| Laghdú a dhéanamh ar an mbearna inscne i dtaca le cúrsaí pá de | 1.21 Dul i mbun pacáiste beart a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an mbearna inscne i dtaca le cúrsaí pá de. | 2017-2020 | RDCC (i gceannas), i gcomhar le RPFN, Ibec agus ICTU |
| | 1.22 Tús a chur le hidirphlé idir geallsealbhóirí Ceardchumainn agus Fostóra chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna inscne i dtaca le cúrsaí pá de. Acmhainní faisnéise praiticiúla a fhorbairt agus a chur chun cinn chun na gnéithe ilghnéitheacha den bhearna inscne i dtaca le cúrsaí pá de, agus na cúiseanna leis an mbearna sin (i.e. eiseamláirí traidisiúnta, oideachas agus an margadh saothair atá inscne-dheighilte, na dúshláin a bhaineann le cóimheá idir an saol oibre agus an saol teaghlaigh, an difear idir rannpháirtíocht na bhfear agus na mban i bhfreagrachtaí teaghlaigh, saoráidí ardchaighdeáin cúraim leanaí agus cúram leanaí ardchaighdeáin lasmuigh d'uaire scoile a bheith ar fáil ar chostas réasúnach, agus próisis laistigh d'eagraíochtaí nach mór aghaidh a thabhairt ar éagothromaíocht ina leith) a mhíniú agus chun tuiscint ar an ábhar seo a mhéadú. Uirlisí praiticiúla a fhorbairt chun cabhrú le fostóirí an bhearna inscne i dtaca le pá de a ríomh ina gcuid eagraíochtaí agus breithniú a dhéanamh ar na gnéithe agus ar na cúiseanna ilghnéitheacha a ghabhann léi, agus na hoibleagáidí maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí á gcur san áireamh. | 2017-2020 | RDCC (i gceannas), gníomhaireachtaí iomchuí, Ibec agus ICTU |
| | 1.23 Trédhearcacht phá a chur chun cinn trína chur de cheangal ar chuideachtaí ina bhfuil 50fostaí nó níos mó suirbhé pá a chomhlánú go tréimhsiúil agus torthaí an tsuirbhé a fhoilsiú. | 2017-2020 | RDCC (i gceannas) agus gníomhaireachtaí iomchuí |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Líon méadaithe ban a bheith ag gabháil d'fhiontraíocht | 1.24 Tacaíocht a sholáthar do bhanfhiontraithe tuaithe ag an gcéim tosaithe, e.g. trí chlár 'ACORNS'. | Leanúnach | RTBM |
| | 1.25 Poiblíocht a dhéanamh, agus spreagadh a thabhairt, i leith rannpháirtíochta ag mná sa phróiseas a ghabhann le cuideachta a nua-thionscnamh, lena n-áirítear Ciste Comórtais Tionscnaimh spriocdhírithe. | 2017-2020 | Fiontraíocht Éireann/RPFN |
| | 1.26 Tacaíocht a thabhairt, agus spreagadh a dhéanamh, i leith gradam agus imeachtaí a bhaineann go sonrach le banfhiontraithe. | 2017-2020 | Fiontraíocht Éireann/RPFN |
| | 1.27 Lá Náisiúnta na Banfhiontraíochta a eagrú ar bhonn réigiúnach. | Q4 2017 | Fiontraíocht Éireann, OFÁ-anna[7] |
| | 1.28 Tacú le mná i líonraí gnó chun piarfhoghlaim a bhaineann go sonrach le mná a bhunú. | 2017-2020 | OFÁ-anna |
| | 1.29 Maoiniúchán a sholáthar le haghaidh banfhiontraíochta. | 2017-2020 | RDCC |
| | 1.30 Scrúdú a dhéanamh, mar chuid den athbhreithniú lárthéarma ar an Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an bhFiontraíocht, ar bhearta a bhféadfaí a chinntiú mar thoradh orthu go dtionscnaíonn agus go reáchtálann líon méadaithe ban a gcuid gnóthaí féin. | R4 2017 | RPFN |
| | 1.31 Leanúint de phoiblíocht a dhéanamh maidir le leathanaigh ghréasáin na Roinne a bhaineann go sonrach le banfhiontraíocht. | Leanúnach | RPFN |

7 Oifigí Fiontair Áitiúla

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Laghdú na bochtaineachta i measc teaghlach a bhfuil bean ina ceann orthu, lena n-áirítear teaghlaigh tuismitheora aonair | 1.32 Laghdú a dhéanamh ar an mbearna sna rátaí bochtaineachta idir teaghlaigh a bhfuil bean ina ceann orthu agus teaghlaigh a bhfuil fear ina cheann orthu. I measc na mbeart atá le déanamh, áirítear cláir chun cúnamh a thabhairt i ndáil le filleadh ar an margadh saothair agus chun spreagadh a thabhairt i leith fiontraíochta. | 2017-2020 | RCS, SOLAS, BOO-anna |
| | 1.33 Scrúdú a dhéanamh ar an tsraith láithreach tacaíochtaí atá ann san ionad oibre do theaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh tuismitheora aonair. Ar bhonn an scrúdaithe sin, bailchríoch a chur ar thograí maidir le cur chuige i leith na hÍocaíochta Teaghlaigh Oibre. Is iad na príomhphrionsabail atá ann mar threoir don chur chuige sin a chinntiú gur fiú a bheith ag obair agus laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht leanaí. | 2017-2018 | RCS |
| | 1.34 Plean Gníomhaíochta maidir le Teaghlaigh Gan Phost a fhoilsiú, agus spriocanna ann a bheidh dírithe ar thacú leo siúd i dteaghlaigh gan phost fostaíocht a fháil agus ar laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht leanaí. | 2017 | RCS |
| | 1.35 Feasacht ar thacaíochtaí fostaíochta na Roinne Coimirce Sóisialaí agus rochtain ar na tacaíochtaí sin, go háirithe i réimse na fiontraíochta (Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair), trí Oifigigh Cháis RCS agus feachtais tionscnaimh, de réir mar is cuí. | Leanúnach | RCS |
| Torthaí an Athbhreithnithe Neamhspleách ar na leasuithe ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais | 1.36 Athbhreithniú neamhspleách ar éifeachtaí airgeadais agus sóisialta na leasuithe atá déanta ar an íocaíocht aontuismitheora ó bhí an 1 Eanáir 2012 ann a choimisiúnú, agus aird á tabhairt ar na héifeachtaí ar spleáchais ar leas agus ar na héifeachtaí ar rátaí bochtaineachta na ndaoine a fhaigheann an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora. | 2017 | RCS |
| Athchóiriú an phróisis colscartha | 1.37 Féachaint le laghdú a dhéanamh ar an líon blianta nach mór céilí a bheith ag maireachtáil ar leithligh óna chéile sula bhféadfar colscaradh a dheonú, de réir an Bhille um an gCúigiú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Colscaradh) 2016. | 2018-2020 | RDCC |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Tuilleadh suntais a thabhairt do ról na mban sa talmhaíocht | 1.38 Soiléiriú a thabhairt ar aon bhacainní cánach a bhraitear a bheith ann i dtaca le feirmeacha a chlárú faoi chomhúinéireacht, agus torthaí a phoibliú. | 2017-2020 | RTBM, R/Airgeadais, na Coimisinéirí Ioncaim |
| | 1.39 Feabhas a chur ar staitisticí agus ar thuairisciú maidir le ról na mban san earnáil agraibhia. | 2017-2020 | RTBM, CSO, Teagasc, an Bord Bia, Fiontraíocht Éireann |
| Beartas pinsin amach anseo le torthaí do mhná a choimirciú faoi chóras pinsin an Stáit | 1.40 Déanfar gach plean maidir le hathchóiriú pinsean Stáit ag an Roinn atá freagrach ina leith (RCS) (lena n-áirítear próiseas athchóirithe Chur Chuige reatha na Ranníocaíochtaí Iomlána (TCA)) a anailísiú i leith tionchar inscne a mbeadh súil leis. | 2017-2020 | RCS, R/Airgeadais |
| Laghdú a dhéanamh ar an mbearna inscne i dtaca le cúrsaí pinsin de | 1.41 Méadú a dhéanamh ar an rochtain atá ag mná ar phinsin ina gceart féin trí fheabhas a chur ar an rochtain atá acu ar phinsin phríobháideacha agus ar phinsin cheirde. Measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar mhná mar thoradh ar aon phleananna amach anseo maidir le hathchóiriú an bheartais pinsin sa réimse seo agus gníomhaíochtaí a dhéanamh más cuí. | 2017-2020 | RCS, R/Airgeadais |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
| --- | --- | --- | --- |
| Cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ar mhodh atá íogair ó thaobh inscne a chur chun cinn i gcaidreamh idirnáisiúnta na hÉireann | 1.42 Tacú le cláir chun a chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann, agus rialú comhionann, ag mná ar acmhainní, ar sheirbhísí agus ar dheiseanna. | 2017-2020 | RGET |
| | 1.43 Tacaíocht do straitéisí náisiúnta agus fonáisiúnta oideachais atá dírithe ar fheabhas a chur ar rochtain ar oiliúint agus oiliúint scileanna ardchaighdeáin chun feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta do mhná agus do chailíní. | 2017-2020 | RGET |
| | 1.44 Tacú le forbairt agus cur chun feidhme beartas agus clár coimirce sóisialaí lena dtugtar aghaidh ar éagothroime inscne - agus béim á leagan ar na réimsí is leochailí amhail teaghlaigh a bhfuil bean ina ceann orthu. | 2017-2020 | RGET |
| | 1.45 A chinntiú go dtugtar tús áite do chomhionannas inscne agus do chumhachtú ban agus cailíní i gclár cúnaimh forbartha thar lear na hÉireann, go háirithe i ndáil le réimsí na talmhaíochta agus an chothúcháin. | 2017-2020 | RGET, RTBM |



# 6. Cuspóir a Dó: Sláinte Fhisiceach agus Meabhairshláinte agus Leas na mBan agus na gCailíní a Chur ar Aghaidh

## Sláinte agus leas ban agus cailíní thar a saol

Sa Chreat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe, Éire Shláintiúil, soláthraítear an comhthéacs uileghabhálach ina ndéanfar gníomhaíochtaí faoin gcuspóir seo a chur ar aghaidh. Glacann Éire Shláintiúil cur chuige uile-Rialtais agus uile-shochaí i leith sláinte agus folláine a fheabhsú, agus béim á leagan ar chosc, ar laghdú neamhionannais sláinte agus ar dhaoine a choinneáil níos sláintiúla ar feadh tréimhse níos faide. Ina theannta sin, féachtar le haghaidh a thabhairt ar an iliomad cinntitheach sóisialta agus timpeallachta ar féidir leo tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine, amhail oideachas agus fostaíocht. Sa tslí sin, trí na cuspóirí straitéiseacha eile atá sa Straitéis seo a bhaint amach rannchuideofar go suntasach freisin le sláinte agus folláine fhoriomlán na mban agus na gcailíní a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Glacann Éire Shláintiúil ‘cur chuige cúrsa saoil’ agus, dá bhrí sin, tugtar tacaíocht do phrionsabail na stíleanna sláintiúla maireachtála ar fud an tsaoil, ón óige go dtí scothaois, agus aithnítear an tionchar suntasach a fhéadfaidh sláinte máithreacha a imirt ar shláinte agus folláine naíonán agus leanaí. Tá sé tábhachtach go dtarraingeofar aird ar stíleanna sláintiúla maireachtála sna tacaíochtaí éagsúla a sholáthraítear do thuismitheoirí agus do theaghlaigh, sna suímh éagsúla luathóige agus oideachais agus, chomh maith leis sin, sa phobal i gcoitinne agus in ionaid oibre.

Tacaíonn an Chéad Straitéis Náisiúnta Máithreachais (2016-2026) le cur chuige sláinte agus folláine trína ndéantar tacaíocht agus cumhacht a thabhairt, mar thosaíocht straitéiseach, do mháithreacha agus do theaghlaigh chun feabhas a chur ar a sláinte féin agus ar a bhfolláine féin, de bhreis ar rochtain a thabhairt ar chúram máithreachais de chineál sábháilte ardchaighdeáin atá láraithe ar an mbean agus rogha na mná a éascú i leith na conaire chúraim.

Mar aitheantas don éileamh méadaithe ar atáirgeadh daonna cuidithe, iarradh ar an mBord Taighde Sláinte, i bhFeabhra 2016, athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar mhúnlaí idirnáisiúnta maoiniúcháin phoiblí don atáirgeadh daonna cuidithe. Rinneadh athbhreithniú fianaise-bhunaithe an Bhoird Taighde Sláinte a fhoilsiú go luath sa bhliain 2017 agus déanfaidh oifigigh de chuid na Roinne Sláinte é a anailísiú i gcomhthéacs an bhreithnithe ar roghanna beartais i leith múnla ionchasach maoiniúcháin phoiblí do chóireáil i ndáil le hatáirgeadh daonna cuidithe.

Ar leith uaidh sin, agus de réir mar atá geallta sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, tá Scéim Ghinearálta na bhforálacha reachtacha maidir le hatáirgeadh daonna cuidithe agus le taighde gaolmhar á dréachtú faoi láthair ag oifigigh de chuid na Roinne Sláinte. Tá sé beartaithe go ndéanfar dréachtú na Scéime Ginearálta a chur i gcrích sa bhliain 2017. Leis an reachtaíocht chuimsitheach sin , déanfar rialáil ar raon cleachtas den chéad uair, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

deonú gaiméite (speirm nó ubh) agus deonú sutha le haghaidh atáirgeadh daonna cuidithe agus le haghaidh taighde; máthairionadaíocht; diagnóis ghéiniteach réamh-ionchlannaithe (PGD) suthanna; atáirgeadh cuidithe iarbháis; agus taighde gaschille. Ina theannta sin, déanfar foráil sa Scéim Ghinearálta maidir le húdarás neamhspleách rialála le haghaidh atáirgeadh daonna cuidithe.

Faoi láthair, tá roinnt saincheisteanna ann a bhféadfaí béim a chur orthu agus a mbeadh tionchar suntasach acu ar fheabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine cailíní agus ban.

De réir Shuirbhéanna Éire Shláintiúil 2015 agus 2016, cé gur lú an dóchúlacht go mbeidh mná róthrom ná mar is fíor i gcás fear, tá na cionta atá murtallach níos cóngaraí dá chéile, agus is mó go mór an dóchúlacht go mbeidh mná san aoisghrúpa 15-24 murtallach ná mar is fíor i gcás fear san aoisghrúpa sin. De bhreis air sin, is dóchúla go mór go mbeidh riosca meitibileach i bhfad níos mó ag mná níos óige (léiríonn tomhais choim leibhéil méithe boilg a meastar ina leith gur réamhtháscaire iad i ndáil le stróc agus bás roimh am de bharr murtaill). Ina theannta sin, caitheann mná san aoisghrúpa 15-24 níos mó ama ina suí ná mar a dhéanann aon ghrúpa eile sa daonra. De bhreis air sin, cé gur mó an dóchúlacht i gcoitinne go gcaithfidh fir tobac, níl aon difríocht ann idir fir agus mná san aoisghrúpa 15-24. Tá cuid de thorthaí na suirbhéanna sin, go háirithe maidir le leibhéil rómheáchain agus gníomhaíochta fisicí i measc ban san aoisghrúpa 15-24, ina gcúis imní faoi na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann ní amháin dá sláinte féin i dtéarma na rioscaí maidir le galar ainsealach níos déanaí ina saol ach, freisin, faoina sláinte mar thuismitheoirí na chéad ghlúine eile agus faoi na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag a sláinte i dtéarmaí torthúlachta, toirchis, breithe agus aimhréidheanna iarbhreithe agus, chomh maith leis sin, i dtéarmaí iompar sláintiúil a bhunú ina leanaí. Léiríonn na torthaí sin an gá le cumhachtú do chailíní óga agus do mhná roghanna maidir le stíl shláintiúil mhaireachtála a dhéanamh agus an gá le feabhas a chur ar shláinte, ar fholláine agus ar acmhainneacht na mban i ngach aoisghrúpa trí thacaíochtaí feabhsaithe a sholáthar.



I measc na saincheisteanna sonracha eile i réimse na sláinte nach mór díriú orthu tuilleadh chun feasacht ar roghanna maidir le stíl mhaireachtála níos sláintiúla a mhéadú, agus tacú leis sin, áirítear scor de chaitheamh tobac, alcól a thomhailt ar mhodh níos sábháilte, an líon daoine a ghlacann le vacsaín HPV agus aigéad fólach a thomhailt.

Is mná iad, go háirithe mná sna haoisghrúpaí is sine, tromlach na gcúramóirí atá ann cé go bhfuil fir ina gcúramóirí chomh maith. Chomh maith leis sin, is mná iad tromlach na ndaoine a bhfuil néaltrú orthu. Mar thoradh ar chur chun feidhme na Straitéise maidir le Néaltrú agus na Straitéise do Chúramóirí, cuirfear feabhas ar staid na mban mar chúramóirí agus mar dhaoine faoi chúram araon.

Sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016, leagtar amach gealltanas an Rialtais i leith BreastCheck a chur ar fáil do mhná san aoisghrúpa 65 go 69. Tá an leathnú sin á chur i gcrích faoi láthair ar bhonn céimnithe, agus soláthróidh sé scagthástáil thábhachtach ailse do mhná san aoisghrúpa sin. Sa Straitéis Náisiúnta nua maidir le hAilse, leagtar amach an tslí ina ndéanfar forbairt amach anseo ar sheirbhísí ailse in Éirinn. Idir na blianta 1994 agus 2014, tháinig méadú bliain ar bhliain ar an líon cásanna ailse i measc ban. Sa Straitéis Náisiúnta maidir le hAilse, tugtar aird ar leith ar chosc agus ar dhiagnóis luath, ar nithe iad sin a chabhróidh le haghaidh a thabhairt ar an líon méadaitheach ban ar a bhfuil ailse in Éirinn. Ag an am céanna, tá líon níos mó ban ná riamh ag teacht slán ón ailse agus cinnteoidh an Straitéis nua go soláthrófar seirbhísí chun a chumasú do gach duine a thagann slán ón ailse filleadh ar shaol chomh normálta agus is féidir.





**Tá Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus comhpháirtithe tiomanta cheana féin i leith an méid seo a leanas:**

- *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga* a cur chun feidhme agus tacú le *Clár Náisiúnta Sláinte na nÓg.*
- *An Creat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe, Éire Shláintiúil,* agus raon beartas agus straitéisí faoin gCreat, lena n-áirítear *Éire atá Saor ó Thobac,* an *Plean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil d'Éirinn: Éire a Dhéanamh Gníomhach, an Straitéis Náisiúnta Sláinte Ghnéis agus Beartas* agus *Plean Gníomhaíochta maidir le Murtall: Meáchain Sláintiúil d'Éirinn* a chur chun feidhme.
- Cur chun feidhme an *Phlean Gníomhaíochta maidir le Bulaíocht* ina leagtar síos gur ceart na forais go léir i leith ciapadh faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann a liostú i mbeartais frithbhulaíochta (i.e. inscne (lena n-áirítear trasinscne), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus duine den Lucht Siúil).
- *Connecting for Life: Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Fhéinmharú a Chosc 2015-2020* a chur chun feidhme.
- Tabharfar aghaidh ar na riachtanais shonracha sláinte agus folláine atá ag mná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, agus ag mná LGBTI, agus ag mná atá faoi mhíchumas, sa *Stráitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú an Lucht Siúil agus na Romach, sa Straitéis um Lánpháirtiú LGBTI* agus sa *Stráitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú Daoine faoi Mhíchumas,* faoi seach.
- Cur chun feidhme *Chomhstraitéis na Seirbhíse Promhaidh-Sheirbhís Phríosúin na hÉireann: Freagairt Éifeachtach maidir le Banchiontóirí 2014-2016.*

## Is iad seo a leanas na Gníomhaíochtaí Straitéise don tréimhse 2017-2020:

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Feabhas a bheith curtha ar shláinte fhisiceach agus ar mheabhairshláinte & leas na mban agus na gcailíní | 2.1 Obair chomhpháirtíochta a neartú i gcomhar le Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn trí ghníomhaíochtaí tábhachtacha a shainaithint agus a chur chun feidhme d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais ar leith atá ag mná agus ag cailíní i ndáil le meabhairshláinte agus sláinte fhisiceach chun comhtháthú a riachtanas isteach i straitéisí, i mbeartais agus i gcláir sláinte atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn a chur ar aghaidh trí phlean gníomhaíochta maidir le sláinte na mban. | 2017-2020 | R/Sláinte, FSS, NWCI |
| Torthaí feabhsaithe do chúramóirí agus do mhná faoi chúram | 2.2 Leanúint den *Straitéis Náisiúnta do Chúramóirí* agus *Straitéis Náisiúnta maidir le Néaltrú* a chur chun feidhme. Scrúdú a dhéanamh ar rialáil agus ar mhaoiniú na hearnála cúraim baile. | Leanúnach | FSS |
| Leanúnachas neartaithe maidir leis an leibhéal seirbhísí cúraim phríomhúil | 2.3 Clúdach máithreachais a chur ar fáil i gcás asláithreachtaí i measc daoine foirne in ionaid chúraim phríomhúil, más féidir sin. Cabhróidh sé seo le leanúnachas an leibhéil seirbhíse atá ann cheana a chinntiú sa chás ina bhfuil comhchruinniú ard ban sa lucht oibre cúram sláinte. | Leanúnach | R/Sláinte |
| Tacaíocht a bheith á tabhairt do chailíní agus do mhná óga i dtaca lena bhforbairt shóisialta agus mhothúchánach trí sheirbhísí óige pobalbhunaithe a sholáthar | 2.4 A chinntiú go gcuirtear peirspictíocht inscne san áireamh sa chlár leanúnach athchóirithe i leith an tsoláthair seirbhísí spriocdhírithe don óige. | 2017-2018 | RLGÓ |
| Méadú ar an gcion ban agus cailíní atá gníomhach go fisiciúil | 2.5 Gníomhaíochta iomchuí de chuid an *Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil* a chur chun feidhme chun rannpháirtíocht ag cailíní agus ag mná i ngníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú, lena n-áirítear cláir a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar aistrithe agus ar éirí as i dtaca le gníomhaíocht fhisiciúil agus spórt de. | 2017-2020 | R/Sláinte, RITAS, ROS |
| Feabhas ar shláinte agus ar leas na mban os cionn 65 bliana d'aois | 2.6 Clár BreastCheck a leathnú chuig mná san aoisghrúpa 65-69. | 2017-2020 | R/Sláinte |
| Feabhas ar thacaíocht chúraim sláinte do mhná agus do chailíní de réir peirspictíocht idirchultúir | 2.7 Áireoidh Dara *Straitéis Náisiúnta Idirchultúir* FSS roinn shonrach a bheidh dírithe ar chúram agus ar thacaíocht do mhná agus do chailíní ó chúlraí ilghnéitheacha ó thaobh cúrsaí eitneacha de. | R4 2017 | FSS |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí feabhsaithe cúraim sláinte agus torthaí sláinte feabhsaithe do mhná agus do chailíní a bhfuil FGM (ciorrú ball giniúna ban) déanta orthu | 2.8 Leanúint de mhéadú na feasachta i measc gairmithe cúraim sláinte ar acmhainn Akidwa/Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, is é sin *"FGM: Faisnéis do ghairmithe cúraim sláinte atá ag obair in Éirinn"* a forbraíodh le maoiniúchán ó Oifig Náisiúnta Uilechuimsitheachta Sóisialta FSS. | 2017-2020 | FSS |
| Torthaí feabhsaithe sláinte do mhná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach | 2.9 Gníomhaíochtaí a chur san áireamh sa *Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú an Lucht Siúil agus na Romach (2017-2020)* a bheidh ann le gairid chun tacaíocht a chur ar fáil do thionscnaimh a bhaineann le sláinte ban de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, lena n-áirítear Tionscadail Chúraim Sláinte Phríomhúil don Lucht Siúil a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh, agus teagmháil leantach le heagraíochtaí náisiúnta de chuid an Lucht Siúil. | 2017-2020 | RDCC (i gceannas) |
| Torthaí sláinte feabhsaithe do dhaoine LGBTI | 2.10 Sa *Straitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú LGBTI* a bheidh ann le gairid, breithniú a dhéanamh i dtaobh conas is fearr torthaí sláinte a fheabhsú do dhaoine LGBTI. | 2020 | RDCC (i gceannas) |
| Leas feabhsaithe agus lánpháirtiú daoine óga LGBT+ | 2.11 An chéad Straitéis Náisiúnta de chuid na hÉireann do dhaoine óga maidir leis an réimse Leispiach Aerach Déghnéasach Trasinscne (LGBT+) a eisiúint. | 2017-2018 | RLGÓ |
| Cúrsaí sláinte, leasa agus athshlánúcháin a bheith feabhsaithe i gcás banchiontóirí | 2.12 Moltaí Ghrúpa Athbhreithnithe an Bheartais maidir leis an gCóras Pionóis a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le mná (foghníomhaíochtaí 15, 18, 21-25 i ndáil le feabhas a chur ar chaighdeán na cóiríochta do mhná i bPríosún Luimnigh, tuilleadh taighde a dhéanamh faoi riachtanais shonracha agus imthosca sonracha banchiontóirí agus faoi na cúiseanna go bhfuil méadú in úsáid príosúnachta i gcás na mban, agus béim níos mó á leagan ar shaoráidí idirmheánacha do bhanchiontóirí, ar úsáid smachtbhannaí pobail inscne-oiriúnacha, ar chur chun cinn tuilleadh teagmhála idir ciontóirí agus a gcuid leanaí agus daoine dá dteaghlaigh) agus, freisin, tuilleadh úsáide a bhaint as scaoileadh saor sealadach struchtúraithe faoi thacaíocht, as rochtain ar chláir athshlánúcháin agus athlánpháirtithe agus smachtbhanna eile a fhorbairt mar mhalairt ar phríosúnú. | Leanúnach | RDCC (SPÉ) |
| | 2.13 Saoráid idirmheánach, ar leith ó phríosún, a oscailt do bhanchiontóirí. | R1 2018 | SPÉ, an tSeirbhís Phromhaidh |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Laghdú ar chaitheamh tobac i measc ban agus cailíní | 2.14 Feachtais fheasachta agus tacaíochtaí i leith éirí as tobac a chaitheamh, agus iad dírithe ar ghrúpaí ban agus cailíní ar ina measc atá na rátaí caite tobac is airde. Leanúint de chlár *'We Can Quit'* a chur i bhfeidhm i gcomhar le Cumann Ailse na hÉireann a thugann tacaíocht do mhná i gceantair mhíbhuntáistiúla. | 2017-2020 | R/Sláinte, FSS |
| Laghdú ar chaitheamh tobac le linn toirchis | 2.15 Na moltaí atá ann sa *Straitéis Náisiúnta Máithreachais (2016-2026)* a chur chun feidhme d'fhonn seirbhísí éirí as caitheamh tobac ar an láthair a chur ar fáil in ospidéil/aonaid mháithreachais agus oiliúint maidir le héirí as caitheamh tobac a sholáthar do chnáimhseacha agus do ghairmithe sláinte túslíne eile. | 2017-2020 | R/Sláinte, FSS |
| Laghdú ar thomhailt neamhshábháilte alcóil i measc ban agus cailíní | 2.16 Feachtais fheasachta a sheoladh agus tacú le cláir a bhfuil sé mar aidhm acu laghdú a dhéanamh ar thomhailt alcóil i measc mná óga agus grúpaí áirithe eile. Áiríonn sé sin na moltaí iomchuí atá ann sa *Straitéis Náisiúnta Máithreachais (2016-2026)* agus aidhm an Bhille Sláinte Poiblí (Alcól) chun socrú sonrach a dhéanamh maidir le rabhaidh shláinte faoin díobháil a dhéanann ólachán le linn toirchis a chur ar gach lipéad alcóil. | 2017-2020 | R/Sláinte, FSS |
| Cion méadaithe ban a chothaíonn a leanaí ar an gcíoch | 2.17 *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta FSS don Chothú Cíche 2016-2020* a chur chun feidhme d'fhonntacaíocht i measc an phobail don chothú cíche a chur chun cinn. D'áireodh sé sin bunú grúpa idirghníomhaireachta chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní cultúir agus ar bhacainní eile agus chun cothú cíche a normalú. | 2017-2020 | FSS agus dreamanna eile |
| | 2.18 An socrú maidir le sosanna cothaithe cíche faoin reachtaíocht saothair (ar fáil faoi láthair do mháithreacha a bhfuil a leanaí faoi bhun 6 mhí d'aois) a leathnú. | R2 2018 | RDCC, RLGÓ, R/Sláinte, RPFN |
| Cúram máithreachais feabhsaithe agus caighdeánaithe | 2.19 An *Straitéis Náisiúnta Máithreachais (2016-2026)* a chur chun feidhme. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis a chinntiú go bhfuil conairí cuí cúraim ann le gur féidir le máithreacha, naíonáin agus teaghlaigh an cúram ceart a fháil ag an am ceart ón bhfoireann cheart agus san áit cheart. Aithnítear inti go bhfuil gá ag mná torracha le leibhéal áirithe cúraim ach go mbeidh gá ag cuid acu le cúram de chineál níos speisialaithe. Dá réir sin, moltar inti go mbeidh múnla comhtháite cúram ann ina gcuimsítear na líonta sábháilteachta go léir i gcomhréir leis na prionsabail a ghabhann le sábháilteacht othar. | 2017-2020 | R/Sláinte, FSS |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Sonraí chun tacaíochtaí éifeachtacha a threorú do mhná faoi mhíchumas roimh dóibh agus tar éis dóibh leanaí a bheith acu | 2.20 Tabhairt faoi thuilleadh taighde chun seirbhísí agus tacaíochtaí máithreachais a threorú do mhná faoi mhíchumas le linn toirchis agus tar éis dóibh leanaí a bheith acu. | R4 2019 | ÚNM |
| Na tacaíochtaí do gach máthair, dá bhforáiltear sa Chlár Náisiúnta reachtúil maidir le hÓige Shláintiúil, a bheith á soláthar go cuimsitheach | 2.21 I gcomhthéacs an *Chláir Náisiúnta maidir le hÓige Shláintiúil* (atá bunaithe ar mhúnla uilíochais fhorásaigh), leanúint den chlár tacaíochtaí, ina iomláine, a sholáthar do mháithreacha. | Leanúnach | FSS, R/ Sláinte |
| Seirbhísí feabhsaithe chun déileáil le riachtanais meabhairshláinte ban le linn toirchis agus tar éis bhreith an linbh | 2.22 Acmhainn na seirbhíse meabhairshláinte imbhreithe a dhearadh agus a fhorbairt. | 2017-2020 | FSS |
| Torthaí feabhsaithe cothúcháin trí fheasacht mhéadaithe | 2.23 Méadú a dhéanamh ar fheasacht faoin tábhacht a bhaineann le hitheachán sláintiúil agus le forlíonadh aigéid fhólaigh, go háirithe i measc na mban is óige. | 2017-2020 | R/Sláinte, FSS |
| Seirbhísí drugaí a bheith ag freastal ar na riachtanais atá ag mná torracha agus ag máithreacha leanaí óga | 2.24 Sa Straitéis nua maidir le Drugaí, déanfar iarracht an raon seirbhísí uileghabhálacha a mhéadú chun freastal ar na riachtanais atá ag mná atá ag úsáid drugaí agus/nó alcóil ar bhealach dochrach, lena n-áirítear mná a bhfuil leanaí acu agus mná torracha. | 2017 | R/Sláinte |
| Máthairionadaíocht agus atáirgeadh daonna cuidithe á rialáil | 2.25 Scéim Ghinearálta na bhforálacha reachtacha lena rialálfar máthairionadaíocht agus atáirgeadh daonna cuidithe a fhoilsiú. Breithniú a dhéanamh ar na roghanna beartais maidir le múnla maoiniúcháin phoiblí do chóireáil i leith atáirgeadh daonna cuidithe. | 2017; 2017-2018 | R/Sláinte |
| Feabhas ar shláinte ghnéasach agus ar leas gnéasach ban agus cailíní mar aon le líon laghdaithe torthaí diúltacha i dtaca le sláinte ghnéasach de | 2.26 Na príomh-mholtaí atá sa *Straitéis um Shláinte Ghnéasach* a chur chun feidhme, lena n-áirítear na moltaí a bhaineann le sláinte ghnéasach, le hoideachas caidrimh agus gnéasachta agus le seirbhísí sláinte gnéasaí de chineál inrochtana báúil a sholáthar do gach bean; agus feabhas a chur ar na rátaí vacsaínithe HPV i measc cailíní agus cur i gcoinne mífhaisnéise maidir leis an vacsaín thábhachtach coiscthe ailse seo. | 2017-2020 | R/Sláinte, FSS |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Freagairt ar thorthaí oibre an Tionól Saoránach a bheith curtha i bhfeidhm | 2.27 Táthar tar éis Coiste Speisialta Oireachtais a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil agus ar na moltaí ón Tionóil Saoránach maidir leis an Ochtú Leasú ar an mBunreacht agus chun tuarascáil a thabhairt do dhá Theach an Oireachtais laistigh de thrí mhí ón gcéad chruinniú poiblí a bheidh aige. | Leanúnach | Comhlachtaí iomchuí |
| Cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ar mhodh atá íogair ó thaobh inscne a chur chun cinn i gcaidreamh idirnáisiúnta na hÉireann | 2.28 Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na tosaíochta sonracha ocrais agus cothaithe i gcás cothú máithreacha agus leanaí. Oibriú chun méadú a dhéanamh ar idirghabhálacha a bhaineann go sonrach le cothú, go háirithe idirghabhálacha atá dírithe ar an deis 1000 lá agus ar chrandacht a chosc (cothú máithreacha, cothú cíche agus beathú comhlántach). | 2017-2020 | RGET |
| | 2.29 I gcomhthéacs na gcreat náisiúnta reachtach, tacaíocht a thabhairt i leith rochtain uilíoch ar chúram sláinte do mháithreacha agus i ndáil le cúrsaí atáirgthe (lena n-áirítear cúram réamhbhreithe agus seirbhísí pleanála teaghlaigh). | 2017-2020 | RGET |





# 7. Cuspóir a Trí: A Chinntiú go bhfuil Ról Sofheicthe ag Mná agus ag Cailíní sa tSochaí, agus Saoránacht Chomhionann Ghníomhach a Áirithiú Dóibh

Ní bhíonn mná agus cailíní chomh feiceálach céanna le fir agus buachaillí sna príomhréimsí de shaol na hÉireann, amhail spórt nó ealaíona. Is lú an méid ama a thugtar do bhan-lúthchleasaithe sna meáin chraolacháin. Tá ardleibhéal tearcionadaíochta ann i dtaca leis an líon ban i measc scríbhneoirí agus stiúrthóirí i réimsí na hamharclannaíochta agus na scannánaíochta. Cuireann sé sin cosc ar chumas na mban páirt chomhionann a ghlacadh sna réimsí sin den saol, rud as a leanann cailleadh deiseanna do na mná lena mbaineann. Ina theannta sin téann cailleadh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag mná agus ag cailíní den uile chúlra chun dochair don tsochaí agus do phobail. Bhainfeadh gníomhaíochtaí sóisialta, cultúir agus spóirt tairbhe as tuilleadh rannpháirteachais ghníomhaigh ag mná agus ag cailíní. Tá gá le spreagadh a thabhairt do mhná agus do chailíní freisin i leith páirt níos straitéisí a ghlacadh sa tsochaí mar shaoránaigh chomhionanna ghníomhacha. Cé go mbíonn mná agus cailíní ag gabháil d'obair dheonach ag an ráta céanna le fir, is iondúil go ngabhann siad don obair sin lasmuigh de struchtúir fhoirmiúla. Dá dhroim sin, d'fhéadfadh sé nach dtugann rannpháirteachas sa phobal ag mná agus ag cailíní an rochtain chéanna ar dheiseanna cinnteoireachta, agus ar dheiseanna chun tionchar a imirt, agus a bhíonn ag fir agus ag buachaillí.

Tá sraith beart á moladh sa Straitéis chun ról níos sofheicthe a thabhairt do mhná sa réimse spóirt, do bhan-lúthchleasaithe sna meáin chraolacháin agus do mhná i réimsí na n-ealaíon, na scannánaíochta agus na meán. Tá bearta spriocdhírithe á moladh inti chun spreagadh a thabhairt do mhná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach i leith páirt a ghlacadh sa tsochaí mar shaoránaigh chomhionanna ghníomhacha. Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le cumas ban óg a fhorbairt maidir le teacht chun bheith ina gceannairí sa todhchaí trína rannpháirteachas sa tsochaí mar shaoránaigh ghníomhacha, áiríonn an Straitéis bearta chun tuilleadh rannpháirteachais a chur chun cinn i measc ban óg san earnáil óige.

Ós rud é go bhféadfadh sé go gcruthaíonn noirm shriantacha inscne bacainní lena gcuirtear cosc ar mhná ionad feiceálach a bheith acu ar comhchéim le fir, beidh gá le gníomhaíocht chun spreagadh a thabhairt d'eagraíochtaí i leith suntas a thabhairt do noirm shriantacha agus clár oibre a fhorbairt i ndáil le noirm inscne ar mó an ghné chumasúcháin a bhaineann leo a chur chun cinn.

### Tá Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus comhpháirtithe tiomanta cheana féin i leith an méid seo a leanas:

- Déanfar rannpháirtíocht éifeachtach sa saol poiblí ag grúpaí amhail mná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, mná imirceacha, mná LGBTI, agus mná atá faoi mhíchumas, a chur chun cinn sa *Stráitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú an Lucht Siúil agus na Romach,* sa *Straitéis maidir le Lánpháirtiú*



*Imirceach*, sa *Straitéis um Lánpháirtiú LGBTI* agus sa *Stráitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú Daoine faoi Mhíchumas*, faoi seach.

- *Éire 2040 - an Creat nua Náisiúnta Pleanála a fhorbairt* agus *Treoirlínte Náisiúnta do Phobail Leanbh-bháúla* a fhorbairt.
- Cur chun feidhme *Beartas Náisiúnta Cultúir: Cultúr 2025* (le foilsiú go gairid).
- Tacaíocht leantach do chlár Spórt Éireann dar teideal *Mná sa Spórt*.
- Cur chun feidhme *Ár bPobail: Creatbheartas maidir le forbairt áitiúil agus pobail in Éirinn (2015)* agus *Chlár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) 2015-2017.*
- Cur chun feidhme *An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann maidir le Domhan atá ag Athrú, 2015,* ina dtugtar gealltanas maidir le comhionannas inscne a chur ar aghaidh ar bhonn domhanda agus *Éireannaigh an Domhain: beartas na hÉireann maidir leis an diaspóra*.

## Is iad seo a leanas na Gníomhaíochtaí Straitéise don tréimhse 2017-2020:

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Noirm dhearfacha inscne a bheith curtha chun cinn | 3.1 Reifreann a sheoladh maidir le hAirteagal 41.2.1 de Bhunreacht na hÉireann a mhéid a bhaineann le “saol na mná sa teaghlach”. | Faoin mbliain 2020 | RDCC |
| | 3.2 Tionscnamh a fhorbairt chun scrúdú a dhéanamh i dtaobh conas comhairle a ghlacadh le leanaí agus daoine óga maidir le haghaidh a thabhairt ar noirm inscne-steiréitíopacha. | 2017-2020 | RLGÓ, RDCC |
| | 3.3 Clár gníomhaíochta a bhunú, lena n-áirítear taighde, méadú feasachta agus gníomhaíochtaí cultúir, chun noirm dhearfacha inscne a chur chun cinn agus chun dúshlán a thabhairt i leith noirm dhiúltacha inscne. | 2018-2020 | RDCC |
| | 3.4 Tacú le tionscnaimh chun spreagadh a thabhairt d’fhir agus do bhuachaillí maidir le teacht chun bheith ina gcuraidh i dtaca le comhionannas inscne, agus leas á bhaint as na tionscnaimh seo a leanas: Men Advocating Real Change, HeForShe, MAN Up agus WhiteRibbon. | 2017-2020 | RDCC, RLGÓ |
| Rannpháirtíocht mhéadaithe ag mná sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil | 3.5 Gníomhaíochtaí atá molta i gcreat nua náisiúnta spóirt a chur chun feidhme, ar creat é atá á fhorbairt faoi láthair ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus a bhfuiltear ag súil lena lainseáil i lár na bliana 2017. | 2017-2020 | RITAS & Spórt Éireann |
| | 3.6 Sofheictheacht mhéadaithe agus maoiniúchán do spóirt agus do ghníomhaíochta fhisiciúil na mban a chur chun cinn, lena n-áirítear tionscnaimh shonracha i réimsí amhail Bí ag Siúl, Bí ag Rith, Bí ag Rothaíocht agus Bí ag Snámh (*Get Walking, Get Running, Get Cycling* agus *Get Swimming*). | 2017-2020 | RITAS & Spórt Éireann |
| | 3.7 Bearta a dhéanamh chun sofheictheacht mhéadaithe spórt na mban a chur chun sinn sna meáin chraolacháin. Cluichí Ceannais Pheil na mBan agus na Camógaíochta a ainmniú mar Imeachtaí Mórthábhachta, lena chinntiú go mbeidh siad ar fáil lena saorchraoladh. | 2017-2020 | RCGAC |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Sofheictheacht na mban sna healaíona, mar rannpháirtithe agus ó thaobh ábhair de, a bheith méadaithe | 3.8 Leanúint de shofheictheacht na mban i réimse na n-ealaíon agus na hoidhreachta a mhéadú, lena n-áirítear mar rannpháirtithe, mar chruthaitheoirí, mar choimeádaithe, sa réimse rialachais agus ó thaobh ábhair de, trí pholasaithe inscne a thabhairt isteach inár nInstitiúidí Náisiúnta Cultúir, Bord Scannán na hÉireann agus an Chomhairle Ealaíon | 2017-2018 | REOGRTG, Institiúidí Náisiúnta Cultúir, An Chomhairle Ealaíon, Bord Scannán na hÉireann |
| | 3.9 Leanúint de thacaíocht a thabhairt i leith sofheictheacht ban tallannach sa tionscal scannánaíochta trí Phlean um Chomhionannas Inscne Sé Phointe Bhord Scannán na hÉireann a chur i bhfeidhm, agus san earnáil chlosamhairc. | Leanúnach | REOGRTG, Bord Scannán na hÉireann, RCGAC |
| | 3.10 Le linn a Ráiteas Straitéise 2017-19 a chur chun feidhme, déanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) gníomhaíochtaí chun tacaí le hionadaíocht mhéadaithe don éagsúlacht i sochaí na hÉireann a mhéadú sna meáin chraolacháin, agus béim ar leith á leagan ar chomhionannas inscne. | 2017-2019 | Údarás Craolacháin na hÉreann |
| Leibhéil mhéadaithe rannpháirtíochta sa saol poiblí ag mná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach | 3.11 Sa Stráitéis Náisiúnta um Lánpháirtiú an Lucht Siúil agus na Romach (2017-2020) atá le foilsiú le gairid, áirítear gealltanais chun rannpháirtíocht sa saol poiblí ag mná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach a éascú, lena n-áirítear leanúint de mhaoiniúchán agus de thacaíocht a thabhairt don Fhóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná, do Mincéirs Whiden agus do thionscadail iomchuí pobail áitiúil a bhfuil baint acu leis an Lucht Siúil agus leis na Romaigh. | 2017-2020 | An Roinn Dlí & Cirt agus Comhionannais (i gceannas) |
| Sonraí agus faisnéis níos fearr maidir leis an tionchar ar chaighdeán na beatha do mhná faoi mhíchumas ag bogadh chuig múnlaí nua maireachtála neamhspleách sa phobal | 3.12 Anailís ar shonraí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an pholasaí a bhaineann le bogadh ó chúram institiúideach chuig cónaí sa phobal, i dtéarmaí mhéid an chomhtháthaithe pobail do mhná faoi mhíchumas i gcomparáid le fir faoi mhíchumas sa tréimhse 2016-2019. | R2 2020 | ÚNM |
| Leibhéil mhéadaithe rannpháirtíochta sa saol poiblí ag mná agus cailíní bodhra | 3.13 Uaireanta chianseirbhís teangaireachta Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a leathnú le go mbeidh sí ar fáil sa tráthnóna agus ag deireadh na seachtaine. Reachtaíocht a mholadh chun a chinntiú go soláthraíonn gach comhlacht poiblí teangaireacht ISL saor in aisce d'úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) le linn dóibh rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí reachtúla. | R2 2018 | RDCC (i gceannas) |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Peirspictíocht inscne mhéadaithe i réimse na hoibre óige | 3.14 Cuireann Scéim Deontas na Seirbhíse don Óige tacaíocht ar fáil do sheirbhísí óige a reáchtálann oibrithe deonacha; déanfar an clár maoiniúcháin sin a athchóiriú trí bhéim níos mó a leagan ar chúrsaí inscne agus ar spreagadh a thabhairt i leith rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí óige ag cailíní, lena n-áirítear cailíní de chuid mionlach eitneach. | 2020 | RLGÓ |
| Ról na mban a bheith á chur chun cinn i réimsí na forbartha, na síochána agus na slándála | 3.15 An Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ar Mhná, ar an tSíocháin agus ar an tSlándáil 2015-2018 a chur chun feidhme. | 2017-2020 | RGET (i gceannas) |
| Cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ar mhodh atá íogair ó thaobh inscne a chur chun cinn i gcaidreamh idirnáisiúnta na hÉireann | 3.16 Tacaíocht a thabhairt do chláir ina ndírítear ar chumhachtú ban agus ar ról cinnteoireachta na mban a neartú ag gach leibhéal. | 2017-2020 | RGET |





# 8. Cuspóir a Ceathair: Mná a Chur ar Aghaidh i dTaca le Ceannaireacht ar Gach Leibhéal

Is é a bheidh i gceist leis an tosaíocht seo de chuid na Straitéise ná ceannaireacht bhan a chur ar aghaidh i raon réimsí - sa pholaitíocht, ar bhoird Stáit, ar bhoird corparáidí, sa státseirbhís, i réimse na taidhleoireachta, i bpobail áitiúla, san earnáil óige agus sa réimse spóirt. Is é atá san aidhm atá ann ná rannpháirtíocht iomlán éifeachtach, agus deiseanna ceannaireachta, a áirithiú do mhná ar gach leibhéal.

Is ar na cúiseanna seo a leanas atá tábhacht ag an gcuspóir maidir le mná a chur ar aghaidh i réimse na ceannaireachta:

- Is ceart deis a bheith ag mná páirt a ghlacadh i gcinntí a dhéanann difear dá saol;
- Gné riachtanach de shochaí ionadaíoch is ea ceannairí na sochaí lena mbaineann a bheith ionadaíoch don tsochaí sin;
- Aithnítear go dtairbhíonn an próiseas cinnteoireachta ó rannchuidiú ó raon leathan peirspictíochtaí.

Soláthróidh an Straitéis spreagadh athnuaite i leith gníomhaíochta chun a chinntiú go mbainfidh gach bord Stáit an sprioc 40% amach le haghaidh ionadaíocht ó thaobh ban agus fear de. I gcás ina mbeifear tar éis an sprioc 40% a bhaint amach spreagfar d’Airí agus do chomhlachtaí ainmniúcháin aistriú chuig sprioc 45% agus é mar aidhm aige sin comhionannas inscne a bhaint amach i dtaca le hionadaíocht ar bhoird Stáit.

Fónfaidh an Straitéis mar chreat le haghaidh beart chun méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht ag mná ar bhoird corparáidí agus, mar thús, déanfar athbhreithniú ar an staid reatha chun moltaí i leith athruithe a shainaithint.

Déanfar gníomhaíocht chun méadú a dhéanamh ar an gcéatadán ban sa rialtas áitiúil agus chun tacú le mná sofheictheacht níos mó a bheith acu sa chinnteoireacht ar an leibhéal pobail.

I bhfianaise na tearcionadaíochta is mó riamh atá ag mná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach i bpoist cheannaireachta, déanfar bearta go sonracha chun tuilleadh deiseanna a sholáthar do mhná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach chun bheith páirteach sa cheannaireacht, lena n-áirítear san earnáil phobail agus dheonach.

### Tá Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus comhpháirtithe tiomanta cheana féin i leith an méid seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi *Phlean Athnuachana na Státseirbhíse* chun méadú a dhéanamh ar chóimheá inscne ag leibhéil shinsearacha sa Státseirbhís. Áiríonn sé sin spriocanna nua 50/50 atá aontaithe ag an Rialtas do cheapacháin ag leibhéal sinsearach agus tá coinníoll ann á rá, maidir le cás ina measfaidh an Choiste um Cheapacháin Barrleibhéil (TLAC) go bhfuil beirt iarrthóirí ar phost mar Rúnaí Cúnta ar

chomhchéim ó thaobh fiúntais de, go dtabharfar tús áite don bhaniarrthóir i gcás tearcionadaíocht a bheith ag mná ar Bhord Bainistíochta na Roinne/hOifige lena mbaineann. Leis na bearta atá molta ag Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (CSMB) agus atá aontaithe ag an Rialtas, déantar raon tacaíochtaí a chur ar fáil freisin do bhaill foirne ag gach leibhéal. Áireoidh sé sin an méid seo a leanas: tacaíocht a thabhairt do mhná le linn saoire mháithreachais agus dá héis; obair sholúbtha a leathnú; tuilleadh meantóireachta agus béim ar fhorbairt gairmréime; méadú feasachta faoi neamhionannas inscne agus faoi chlaontacht neamh-chomhfhiosach. Tá an CSMB tar éis ráiteas cuspóirí agus treoirphrionsabal a aontú, rud a bheidh mar threoir don CSMB, do bhainisteoirí Acmhainní Daonna agus do Ranna/d'Oifigí le linn dóibh an obair seo a dhéanamh.

## Is iad seo a leanas na Gníomhaíochtaí Straitéise don tréimhse 2017-2020:

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Cóimheá inscne níos mó a bheith ann i gceannaireacht ghnó | 4.1 Athbhreithniú neamhspleách a choimisiúnú i ndáil le staid na mban sa réimse rialachais agus bainistíochta sinsearaí i gcuideachtaí in Éirinn agus i ndáil le bearta chun ionadaíocht na mban a chur chun cinn agus a mhéadú, amhail spriocanna don ghnó. | 2018 | RDCC (i gceannas) agus eagraíochtaí iomchuí |
| | 4.2 Agus leas á bhaint as na moltaí ón athbhreithniú neamhspleách (i ngníomhaíocht 4.1), pacáiste beart a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun ionadaíocht mhéadaithe na mban ar bhoird corparáidí agus sa lucht bainistíochta sinsearaí i gcuideachtaí a chur chun cinn. | 2018-2019 | RDCC (i gceannas) agus eagraíochtaí iomchuí. |
| Ionadaíocht na mban a bheith méadaithe sa réimse ceannaireachta san earnáil talmhaíochta | 4.3 Spreagadh a thabhairt i leith rannpháirtíocht na mban sa chinnteoireacht agus sa cheannaireacht i ngach cuid den earnáil agraibhia trí mheantóireacht agus trí chás-staidéir dearfacha ach go háirithe | 2017-2020 | Geallsealbhóirí agraibhia |
| Ionadaíocht na mban a bheith méadaithe sa réimse ceannaireachta in eagraíochtaí spóirt | 4.4 Gníomhaíochtaí atá molta i gcreat nua náisiúnta a chur chun feidhme, ar creat é atá á fhorbairt faoi láthair ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus a bhfuiltear ag súil lena lainseáil i lár na bliana 2017. | 2017 | RITAS & Spórt Éireann |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Ionadaíocht na mban a bheith méadaithe sa réimse polaitíochta | 4.5 I gcomhréir leis an gClár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach *'Tús Áite do na Daoine'* (Caibidil 11.8), beifear ag oibriú i gcomhar le húdaráis áitiúla, le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) agus le páirtithe polaitíochta chun baniarrthóirí a chur chun cinn agus cabhrú leo. Scrúdú a dhéanamh faoi thacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun rannpháirtíocht ban i dtoghcháin rialtais áitiúil 2019 a chur chun cinn. | 2017-2020 | RTPPRÁ |
| Béim níos mó a bheith á leagan ar rannpháirtíocht ban agus ar shaincheisteanna inscne ar an leibhéal pobail | 4.6 I gcomhthéacs tacaíocht a thabhairt i leith béim níos mó a leagan ar rannpháirtíocht ban agus ar shaincheisteanna inscne ar an leibhéal pobail, soláthróidh Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) tacaíochtaí tábhachtacha dóibh siúd ar mó a riachtanais inár gcuid pobal, lena n-áirítear mná faoi mhíbhuntáiste, mná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, agus mná faoi mhíchumas, i ngach ceantar Údaráis Áitiúil ar fud na tíre. Ina theannta sin, cinnteoidh daoine a chuireann cláir chun feidhme (PI-anna) go dtugtar léiriú ar chomhionannas inscne ina gcleachtais inmheánacha féin a mhéid a bhaineann lena bhfostaithe agus lena gcaidreamh le fochonraitheoirí agus le soláthróirí etc. Beidh sé seo ag brath ar thionchar a bheith á imirt ag PI-anna ar a gcuid próiseas acmhainní daonna chun dul i ngleic le claontacht inscne neamh-chomhfhiosach agus chun ionad oibre a chruthú inar féidir le mná agus fir araon poist cheannaireachta a bhaint amach. | 2017-2020 | RTPPRÁ |
| Cóimheá inscne a bhaint amach ar Bhoird Stáit | 4.7 I gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS), tá gach Roinn Rialtais agus gach Gníomhaireacht Stáit chun bearta a chur chun feidhme agus é mar aidhm acu dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo na sprice 40% le haghaidh ionadaíocht an dá inscne ar gach Bord Stáit. D'fhéadfadh sé go n-áireoidh na bearta sin rannpháirteachas le comhlachtaí seachtracha ainmniúcháin agus méadú feasachta i measc grúpaí cáilithe ban. Is ceart na gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích a thuairisciú don RDCC ar bhonn bliantúil, agus suntas á thabhairt don chion bord faoi chúram na Roinne lena mbaineann a bhfuil an sprioc bainte amach ina leith. | 2017-2020 | Gach Roinn (seachas RGET), PAS |
| | 4.8 Breithniú a dhéanamh i dtaobh thionchar na socruithe nua do cheapacháin chuig Boird Stáit agus tuairisciú a dhéanamh gach bliain ar láithreáin gréasáin stateboards. ie maidir le héifeachtacht an phróisis a bhaineann le méadú ar rannpháirtíocht na mban ar Bhoird Stáit a áirithiú. (Faoi na socruithe sin, ceanglaítear le Treoirlínte 2014 atá ceadaithe ag an Rialtas go seolfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) próiseas neamhspleách iarratais agus measúnachta chun tacú le hAirí le linn ceapacháin a dhéanamh chuig Boird Stáit.) | Leanúnach agus tuairisciú bliantúil | PAS (i gceannas), RCPA |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Ionadaíocht na mban a bheith méadaithe i bpoist shinsearacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí | 4.9 Taighde a dhéanamh, i gcomhar le ESRI, maidir le bacainní lena gcuirtear cosc ar mhná iarratas a dhéanamh ar phoist shinsearacha sa Státseirbhís, agus gníomhaíocht a leanann as an taighde sin. | 2017 | RDCC, RCPA |
| | 4.10 Seolfar próiseas mapála i leith cóimheá inscne i bpoist shinsearacha sa tseirbhís phoiblí agus déanfar measúnacht ar bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhonn méadú a bhaint amach i dtaca le hionadaíocht na mban i bpoist shinsearacha. Ar bhonn thorthaí na ngníomhaíochtaí chun méadú a dhéanamh ar an gcóimheá inscne ar an leibhéal sinsearach sa Státseirbhís, agus ar bhonn eolas gaolmhar faoin tseirbhís phoiblí, déanfar gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh méadú a dhéanamh ar ionadaíocht na mban i bpoist shinsearacha sa tseirbhís phoiblí a mheasúnú agus tabharfar tús áite do na gníomhaíochtaí sin. | 2017-2020 | RCPA, RDCC |
| | 4.11 Leanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag cur gníomhaíochtaí comhaontaithe i bhfeidhm a eascraíonn as "Athbhreithniú Cultúir agus Inscne na RTBM 2015" agus cuirfidh sí acmhainní tiomanta ar fáil ar leibhéal sinsearach a bheidh freagrach as dul chun cinn na ngníomhartha sin. Aithneoidh Grúpa Stiúrtha Cothromaíochta Inscne na Roinne dul chun cinn, molfaidh sí réitigh i gcás bac, cuirfidh sí cothromaíocht inscne chun cinn taobh istigh den eagraíocht, agus tabharfaidh sí aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le cothromaíocht inscne a d'fhéadfadh teacht chun cinn. | 2017-2020 | RTBM |
| Cóimheá inscne mhéadaithe ar gach leibhéal sa tseirbhís taidhleoireachta | 4.12 Leanfaidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála de ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoina Plean Gníomhaíochta Comhionannais Inscne arb é is aidhm dó ná níos mó comhionannais inscne a áirithiú ar leibhéil shinsearacha agus i dtaca le sannadh cúraimí in Éirinn agus thar lear.I measc na mbeart eile atá ann, tá gealltanas á tabhairt ag an Roinn féachaint le deireadh a chur le bacainní ar ionadaíocht mhéadaithe do mhná ar na leibhéil shinsearacha trí oiliúint ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach a leathnú (lena n-áirítear oiliúint do bhoird agallaimh); leathnú a dhéanamh ar mheantóireacht agus ar chóitseáil fheidhmiúcháin do mhná; cúrsaí inscne a chomhtháthú i Straitéis nua Acmhainní Daonna; díspreagadh a dhéanamh i leith daoine a thagann chuig an obair d'ainneoin iad a bheith breoite; agus comhionannas inscne a áirithiú i dtaca le sannadh cúraimí de. | 2017-2020 | RGET |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Cóimheá inscne á cur chun cinn ag an leibhéal ceannaireachta i réimse an ardoideachais | 4.13 Mar chuid de Chreat nua Feidhmíochta Córas d'Institiúidí Ardoideachais, beidh Táscaire Ardleibhéil ag Leibhéal an Chórais ann i ndáil le Cóimheá Inscne, mar aon le sraith fotháscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an údarás/gcomhlacht ceannais, maidir leis an gcomhairle acadúil, maidir leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ag gach grád; gráid ollúnachta (ollscoileanna amháin); baill foirne shinsearacha neamhacadúla; gnóthachtáil agus choimeád ghradaim Athena SWAN; agus leibhéal an neamhionannais inscne a bhraitear i measc na mball foirne. | Q2 2017 | ROS, ÚAO |
| Mná atá eisiata go sóisialta a bheith níos sofheicthe, agus a dtuairimí a bheith á gcur san áireamh, i bhfóraim dhéanta beartas agus cinntí | 4.14 Tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail ban chun struchtúir áitiúla rannpháirtíochta a shainaithint, agus tacaíocht a thabhairt i ndáil le rannpháirtíocht na mban sna struchtúir sin, ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, agus i ndáil le dul chun cinn na mban sna struchtúir sin. | 2017-2020 | Ranna Iomchuí |
| Leibhéil mhéadaithe rannpháirtíochta i bpoist cheannaireachta ag mná de chuid an Lucht Siúil agus na Romach | 4.15 Dul i mbun tionscnamh chun rannpháirtíocht ban de chuid an Lucht Siúil agus na Romach i bpoist cheannaireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear san earnáil phobail agus dheonach. | 2017-2020 | RDCC |
| Peirspictíocht inscne a bheith curtha san áireamh i gcláir cheannaireachta Óige | 4.16 É a chur de cheangal ar chláir cheannaireachta óige a fhaigheann maoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige dearcadh inscne a chur san áireamh agus cinntiú go n-áirítear sainaithint inscne sa tuairisciú faoi rannpháirtíocht. | 2017-2020 | RLGÓ |
| Tá comhionannas inscne méadaithe i dtaca le cinnteoireacht de á chur chun cinn i gcaidreamh idirnáisiúnta na hÉireann | 4.17 Tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe agus fheabhsaithe ag mná i bparlaimintí agus le forbairt institiúidí parlaiminteacha atá níos íogaire ó thaobh cúrsaí inscne de agus a sholáthraíonn torthaí maithe ó thaobh comhionannas inscne de. | 2017-2020 | RGET |



# 9. Cuspóir a Cúig: Cur i gCoinne an Fhoréigin in Aghaidh na mBan

Aithnítear go bhfulaingíonn líon rómhór ban foréigean, go háirithe le linn dlúthchaidreamh. Ag an am céanna, tá saincheisteanna nua ag teacht chun cinn, lena n-áirítear dúshaothrú gnéasach ban, idir mhná a bhfuil gáinneáil a déanamh orthu agus mhná imirceacha, is é sin le rá, dúshaothrú gnéasach ag daoine a cheannaíonn seirbhísí gnéasacha. Tugtar aghaidh ar an bhfadhb sin i bhforálacha de chuid an Achta um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 agus chuir an Tánaiste tús le feidhm na bhforálacha sin ar an 27 Márta 2017. Ar an dóigh chéanna, tá líon méadaitheach ban, go háirithe mná óga, ag fulaingt ciapadh de chineálacha éagsúla ar líne, amhail pornagrafaíocht díoltais.

Tá cur chuige ilghnéitheach á mholadh sa Straitéis i leith na saincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu faoin gcuspóir a bhaineann le cur i gcoinne an fhoréigin in aghaidh na mban. Beidh gníomhaíochtaí ann chun feasacht a mhéadú, chun cosaintí méadaithe a chur ar fáil d'íospartaigh agus chun dul i ngleic le saincheisteanna nua.

Tá sprioc ann maidir le daingniú Choinbhinsiún Iostanbúl (raithe 1, 2018). Rachfar i mbun gníomhaíochta chun cur i gcoinne an fhoréigin in aghaidh na mban laistigh de chreat an Dara Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe. Beidh feachtas náisiúnta méadaithe feasachta, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2016, á reáchtáil gach bliain go ceann tréimhse 6 bliana chun méadú a dhéanamh ar fheasacht sa phobail i gcoitinne agus chun suntas a thabhairt do na roghanna atá ar fáil d'íospartaigh i dtaca le cosaint a lorg i ndáil le foréigean baile agus foréigean gnéasach. Déanfar athchóiriú ar reachtaíocht d'fhonn cosaint fheabhsaithe a sholáthar do mhná a fhulaingíonn foréigean baile. Tá sé beartaithe reachtaíocht a rith freisin chun íospartaigh na coireachta a chosaint agus chun iad a chosaint ar chiontóirí gnéis. Leanfaidh an Rialtas ag obair le heagraíochtaí neamhrialtais agus leis an bhFaireachlann Náisiúnta ERN um Fhoréigean in Aghaidh na mBan ar an gceist seo.

Mar chuid den Straitéis tabharfar feidhm do na forálacha den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 nach bhfuil feidhm acu cheana féin. Ina measc siúd áirítear forálacha a bhfuil sé i gceist leo an tráma a ghabhann leis an bpróiseas coiriúil a laghdú ar íospartaigh líomhnaithe cionta gnéis, agus alt a bhaineann le horduithe um chiapadh. Ina theannta sin, tá moladh ann maidir le cion nua a thabhairt isteach chun dul i ngleic le pornagrafaíocht díoltais.

### Tá Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus comhpháirtithe tiomanta cheana féin i leith an méid seo a leanas:

- *An Dara Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021* a chur chun feidhme.

- Moltaí an *Ghrúpa Chomhairligh maidir le hÁbhar ar an Idirlíon 2014* a chur chun feidhme, ar moltaí iad ina dtugtar suntas do na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag ábhar idirlín ar chailíní sna déaga agus do na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag cibearbhulaíocht i gcoitinne.
- An *Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac 2016* a chur i bhfeidhm, ina leagtar amach 65 ghníomhaíocht chun an choir ghránna seo a chomhrac a fhearann go príomha ar mhná agus ar chailíní óga.

## Is iad seo a leanas na Gníomhaíochtaí Straitéise don tréimhse 2017-2020:

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Coinbhinsiún Iostanbúl a bheith daingnithe agus an Straitéis a bheith curtha chun feidhme | 5.1 Na gníomhaíochtaí atá sa *Dara Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021* a bhfuil gá leo le go bhféadfaidh Éire Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú a chur i bhfeidhm. | R1 2018 | Cosc |
| | 5.2 Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an *Dara Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe.* | Leanúnach | Cosc |
| Feasacht níos mó a bheith ann maidir le foréigean baile agus foréigean gnéasach | 5.3 An feachtas náisiúnta ilbhliantúil méadaithe feasachta - #whatwouldyoudo - a chur chun feidhme chun méadú a dhéanamh ar an bhfeasacht maidir le foréigean baile agus foréigean gnéasach agus chun iompar agus dearcadh seanbhunaithe na sochaí a athrú trí sheallaigh a ghníomhachtú. Tá sé beartaithe go ndíreofar ar fhoréigean baile sa tréimhse 2016-2018 agus go ndíreofar ar fhoréigean gnéasach sa tréimhse 2019-2021, agus beidh gnéithe den dá chineál foréigin ann i ngach céim den fheachtas. | Leanúnach | Cosc |
| Feabhas a bheith curtha ar rochtain ar chúnamh dlíthiúil sibhialta do dhaoine a fhulaingíonn foréigean baile | 5.4 Scrúdú a dhéanamh i dtaobh tograí chun na Rialacháin um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta a leasú d'fhonn éifeacht a thabhairt do laghdú ar an ranníocaíocht Chúnaimh Dhlíthiúil Shibhialta i gcásanna foréigin baile. | 2017-2020 | RDCC/An Bord um Chúnamh Dlíthiúil |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Feabhas a bheith curtha ar chúrsaí faireacháin agus cur chun feidhme | 5.5 Tá scrúdú le déanamh ar iarrataí ó eagraíochtaí neamhrialtasacha i ndáil le spriocanna, torthaí oibre agus táscairí sa Dara Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021. | 2017-2020 | RDCC |
| | 5.6 Na gníomhaíochtaí tosaíochta céimithe don bhliain 2017 a bhaineann le cúrsaí sláinte a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2016-2021 (Baineann Gníomhaíochtaí 1.500, 2.100 agus 2.400 le hábhar). 2 bhall foirne ar a laghad i ngach Eagraíocht Cúraim Sláinte Pobail (CHO) a oiliúint maidir le réimse an fhoréigin baile ghnéasaigh agus inscnebhunaithe ar an mbonn 'Oiliúint don Oiliúnóir'. Tar éis an oiliúint a chríochnú, forbróidh gach CHO plean feabhsaithe cáilíochta ina n-áireofar an oiliúint sin a leathnú tuilleadh chuig baill foirne túslíne. Sraithuirlisí atá oiriúnach ó thaobh cúrsaí cultúir de agus treoir a fhorbairt chun tacú le baill foirne a dhéileálann le híospartaigh foréigin baile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe. | 2017-2020 | FSS |
| | 5.7 A chinntiú go leantar de mhaoiniúchán dóthanach a leithroinnt do Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ar a bhfuil freagracht reachtúil i ndáil le cúram agus cosaint íospartach foréigin baile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, cibé acu i gcomhthéacs an teaghlaigh nó i gcomhthéacs de chineál eile. | 2017-2020 | RLGÓ |



| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Cosaintí agus tacaíochtaí feabhsaithe reachtacha a bheith i bhfeidhm d'íospartaigh foréigin inscnebhunaithe | 5.8 Tús a chur le feidhm na bhforálacha den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 nach bhfuil feidhm acu fós, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le horduithe um chiapadh, le fianaise, le croscheistiú gearánach agus le rialáil a dhéanamh ar nochtadh taifead comhairleoireachta. | Deireadh na bliana 2017 | R/Dlí agus Cirt & Comhionannais |
| | 5.9 Athbhreithniú ar Alt 25 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 a chur i gcrích, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcion arb é atá ann seirbhísí gnéasacha a cheannach. Áireoidh an Tuarascáil faisnéis maidir leis an líon gabhálacha agus ciontuithe a bhíonn ann agus measúnacht ar thionchar oibriú an ailt sin ar shábháilteacht agus ar leas daoine a ghabhann do ghníomhaíocht ghnéasach i gcomaoin íocaíochta. | R1 2020 | RDCC |
| | 5.10 Scrúdú a dhéanamh ar an gcosaint arb é atá ann creidiúint go hionraic de réir mar atá feidhm aici leis an ngné eolais nó creidiúna den sainmhíniú ar éigniú i bhfianaise aon mholtaí ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. | 2018 | RDCC |
| | 5.11 Trí achtú an Bhille um Íospartaigh na Coireachta, déanfar faisnéis, tacaíocht agus cúnamh a sholáthar d'íospartaigh i dtaca lena n-idirghníomhaíochtaí go léir le gníomhaireachtaí ceartais choiriúil; déanfar measúnacht ar leithligh ar íospartaigh chun bearta cosanta - amhail orduithe sábháilteachta agus orduithe urchoisc - nó bearta speisialta a shainaithint le linn imscrúdú nó nósanna imeachta cúirte a bhféadfadh tairbhe a bheith acu i dtaca le cosaint a thabhairt dóibh ar íospairt thánaisteach agus athíospairt, ar imeaglú nó ar fhrithbheart. D'fhéadfadh sé go n-aireoidh bearta speisialta agallaimh a bheith á ndéanamh ag duine sainoilte, ag an duine céanna nó ag duine den ghnéas céanna, in áitreabh saindeartha. Ina theannta sin, déanfar tabhairt fianaise trí nasc beo teilifíse nó trí idirghabhálaí a éascú. | R3 2017 | R/Dlí agus Cirt & Comhionannais |
| | 5.12 An Bille um Fhoréigean Baile a achtú rud a fheabhsóidh na cosaintí atá ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin baile. Beidh íospartaigh foréigin baile atá ag maireachtáil i bhfochar le déantóir an fhoréigin, nó ar tuismitheoirí an déantóra sin iad, in ann iarratas a dhéanamh ar ordú urchoisc éigeandála a mhairfidh 8 lá. Beidh cúirteanna in ann déantóir foréigin a thoirmeasc ó chumarsáid leictreonach a dhéanamh leis an íospartach. Is féidir le híospartaigh duine a roghnaíonn siad féin a thabhairt leo chun na cúirte chun tacaíocht a sholáthar dóibh le linn na héisteachta. Déanfar anaithnideacht an íospartaigh, na gcleithiúnach agus dhéantóir an fhoréigin a chosaint in imeachtaí coiriúla mar gheall ar sháruithe ar orduithe. Tabharfar isteach cion nua coiriúil arb é a bheidh ann pósadh éigeantais. | R3 2017 | RDCC |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Maoirseacht mhéadaithe ar chiontóirí gnéis | 5.13 Reachtaíocht a achtú chun maoirseacht ciontóirí gnéis a neartú. | R2 2018 | R/Dlí agus Cirt & Comhionannais |
| Sásraí reachtacha a bheith forbartha chun aghaidh a thabhairt ar phornagrafaíocht díoltais | 5.14 Tograí reachtacha a thabhairt ar aghaidh chun socrú a dhéanamh maidir le cionta a bhaineann le cumarsáidí díobhálacha, lena n-áirítear cion a bhaineann le pornagrafaíocht díoltais. Déanfar cion nua maidir le stalcaireacht a chruthú agus déanfar an cion maidir le ciapadh a leathnú chun gach cineál cumarsáide a chur san áireamh, lena n-áirítear cumarsáidí ar líne nó cumarsáidí digiteacha eile. Ina theannta sin, cruthófar cion nua a bhaineann le náiriú intinneach neamh-chomhthoiliúil aonuaire íospartaigh trí íomhánna dlúthphearsanta a dháileadh le hintinn díobháil a dhéanamh nó crá a chothú. Tugtar "Pornagrafaíocht Díoltais" air sin uaireanta. Déanfar cion comhchosúil a bhaineann le híomhánna a phostáil ar líne, fiú amháin i gcás nach bhfuil sé ar intinn díobháil a dhéanamh, a chruthú freisin. Déanfar an cion a bhaineann le teachtaireachtaí bagarthacha nó mígheanasacha agus a luaitear san Acht um Oifig an Phoist (leasú) 1951 a leathnú le go mbeidh feidhm aige maidir le gach cumarsáid ar líne. | 2017 | RDCC |
| Cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ar mhodh atá íogair ó thaobh inscne a chur chun cinn i gcaidreamh idirnáisiúnta na hÉireann | 5.15 Leanúint de thús áite a thabhairt do chosaint, do phríomhshruthú inscne agus do chosc foréigin inscnebhunaithe i ngach clár, lena n-áirítear i gcúinsí daonnúla. | 2017-2020 | RGET |
| Suntas a bheith á thabhairt d'fhoréigean inscnebhunaithe i gcaidreamh idirnáisiúnta | 5.16 Tacú leis an gCuibhreannas Foréigin Inscnebhunaithe a rianaíonn na naisc idir ballraíocht ghníomhach sa Chuibhreannas agus le tograí atá tíolactha/cláir ina dtugtar aghaidh ar fhoréigean baile (lena n-áirítear tacaíocht do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Rún 1325 Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i ndáil le mná, síocháin agus slándáil nó i ndáil le baníospartaigh i réigiúin choimhlinte). | Leanúnach | RGET |



# 10. Cuspóir a Sé: Comhionannas Inscne a Leabú mar Chuid den Chinnteoireacht

Comhtháthóidh an Straitéis peirspictíocht inscne sa chinnteoireacht i raon leathan beartas mar mhodh chun comhionannas na mban a chur chun cinn agus chun a chinntiú nach mbíonn beartais reatha ina gcúis le neamhionannais do mhná. Déanann na Náisiúin Aontaithe agus an Coimisiún Eorpach comhthathú peirspictíochta inscne sa chinnteoireacht tríd an bpróiseas príomhshruthaithe inscne a mholadh mar mhodh éifeachtach chun comhionannas inscne a chur chun cinn. Tá príomhshruthú inscne ina ghné ríthábhachtach de chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe i leith Forbairt Inbhuanaithe agus de chlár an Choimisiúin Eorpaigh dar teideal Rannpháirteachas Straitéiseach do Chomhionannas Inscne 2016-2019.

Moltar sa Straitéis gur ceart go n-áireodh gach athbhreithniú ar bheartais reatha peirspictíocht inscne agus, chomh maith leis sin, go mbeadh an pheirspictíocht sin san áireamh i ngach beartas a fhorbraítear thar shaolré na Straitéise. Molar inti gur ceart do chomhlachtaí poiblí measúnacht a dhéanamh ar chearta daonna ban agus cailíní agus ar aon saincheisteanna comhionannais le linn dóibh an dualgas earnála poiblí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 a chomhlíonadh, ar dualgas é lena gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí aird chuí a thabhairt ar chomhionannas agus ar chearta an duine.

Aithníonn an Straitéis gur gá acmhainneacht eagraíochtaí earnála poiblí a fheabhsú chun a chumasú dóibh dul i mbun próisis phríomhshruthaithe inscne ar mhodh éifeachtach. Tá gníomhaíocht ann chun acmhainneacht phríomhshruthaithe inscne agus buiséadaithe inscne a mhéadú sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí. Ós rud é, le go mbeidh príomhshruthú inscne éifeachtach ann, go bhfuil gá le sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de agus a chumasaíonn don lucht déanta beartais na torthaí éagsúla d'fhir agus do mhná a thuiscint, tá gníomhaíocht á moladh chun bailiú sonraí inscne imdhealaithe a chur chun cinn.

### Tá Ranna Rialtais tiomanta cheana féin i leith an méid seo a leanas:

- Cur chun feidhme nósanna imeachta Comh-Aireachta lena gceanglaítear go n-áireoidh tograí beartais a leagtar os comhair an Rialtais lena gceadú léiriú soiléir ar thionchar an togra ar chomhionannas inscne.

## Is iad seo a leanas na Gníomhaíochtaí Straitéise don tréimhse 2017-2020:

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Aghaidh a bheith tugtha ar chomhionannas inscne ag comhlachtaí poiblí le linn dóibh an dualgas earnála poiblí a chur chun feidhme i leith deireadh a chur le hidirdhealú, i leith chur chun cinn deiseanna comhionanna agus cóireáil chomhionann, agus i leith chosaint chearta an duine | 6.1 Déanfaidh gach comhlacht poiblí measúnacht ar chearta daonna ban agus cailíní agus ar na saincheisteanna comhionannais inscne a bhaineann lena bhfeidhmeanna, agus sainaithneoidh siad an méid sin, agus tabharfaidh siad aghaidh orthu ina bpleanáil straitéiseach, ina mbeartais agus ina dtuarascálacha bliantúla, i gcomhréir leis an dualgas earnála poiblí faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. | Leanúnach | Gach comhlacht poiblí |
| | 6.2 A chinntiú go bhfuil pleananna comhionannais inscne curtha i bhfeidhm ag gach Foras Cultúir Náisiúnta. | Faoin mbliain 2018 | REOGRTG |
| Seirbhís phoiblí a bheith ann de chineál a léiríonn meas ar éagsúlacht, atá uilechuimsiteach agus ionadaíoch ar an daonra ina iomláine, agus a chuireann comhionannas deiseanna chun cinn agus a chosnaíonn cearta daonna a cuid fostaithe | 6.3 Agus aird á tabhairt ar an dualgas earnála poiblí atá ann cheana féin i leith deireadh a chur le hidirdhealú, i leith comhionannas a chur chun cinn agus i leith cearta daonna a chosaint, déanfar bearta chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí comhionannais inscne i réimse na hearcaíochta agus an ardaithe céime sa tseirbhís phoiblí agus, i gcomhréir leis an ngníomhaíocht ghaolmhar maidir le mná agus ceannaireacht (4.9 agus 4.10), sainaithneofar bacainní ar chomhionannas agus tabharfar tús áite do ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin. | 2018-2020 | Gach Roinn agus comhlacht san earnáil phoiblí |
| | 6.4 Measúnacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag tionscnaimh sa tseirbhís phoiblí maidir le feasacht agus oiliúint faoi chlaontacht neamh-chomhfhiosach agus breithniú a dhéanamh ar na féidearthachtaí atá ann chun na tionscnaimh sin a leathnú. | 2018-2020 | RDCC (i gceannas), gach comhlacht iomchuí |
| | 6.5 Forbróidh Ranna saineolas inmheánach maidir le gníomhaíochtaí príomhshruthaithe inscne, lena n-áirítear seimineáir idir-roinne a eagrú agus ábhair threorach agus oiliúna a chur ar fáil. | 2017-2020 | RDCC (i gceannas), gach Roinn |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Promhadh ó thaobh inscne de a bheith déanta ar phríomhstraitéisí | 6.6 Breithniú a dhéanamh ar thionchar inscne le linn straitéisí nua a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí láithreacha. | 2017-2020 | Gach Roinn |
| | 6.7 Saincheisteanna faoi chomhionannas inscne a chur san áireamh le linn an Straitéis Náisiúnta chun Tearcrochtain ar Fhuinneamh a Chomhrac a chur chun feidhme, ar straitéis í ina dtugtar gealltanas chun a chinntiú go mbeidh bearta nua i leith beartas fuinnimh a fhorbróidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil bunaithe ar fhianaise agus go ndéanfar breithniú ar thionchair dháileacha na mbeartas sin. | 2017-2020 | RCGAC |
| | 6.8 Aghaidh a thabhairt ar chomhionannas inscne i gclár uile de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), lena n-áirítear a chuid clár taighde, agus an dea-chleachtas atá ag eagraíochtaí eile, amhail Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), i ndáil le feabhas a chur ar chomhionannas inscne in eagraíochtaí taighde, á chur i bhfeidhm. | 2017-2020 | SEAI |
| | 6.9 Comhionannas inscne a chur san áireamh le linn an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe: Fíorú Acmhainneacht na Tuaithe a chur chun feidhme agus le linn faireachán a dhéanamh air. | 2017-2020 | REOGRTG, RDCC |
| Comhionannas inscne a bheith leabaithe i gcláir mhaoiniúcháin agus i soláthar seirbhísí | 6.10 Croíphrionsabal de chuid maoiniúcháin do sheirbhísí óige is ea deimhin a dhéanamh de go n-áirítear daoine óga i bpróisis chinnteoireachta laistigh de sheirbhísí óige; cinnteoidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige go ndéantar peirspictíocht comhionannais inscne a chur san áireamh le linn an prionsabal sin a chur chun feidhme. | 2017-2020 | RLGÓ |
| | 6.11 A chinntiú go ndéantar bearta lena n-áirithítear comhionannas inscne a chur san áireamh i ndearadh agus in athbhreithniú scéimeanna maoiniúcháin agus deontais. Más gá, bearta dearfacha a thionscnamh chun deireadh a chur le claontacht, lena n-áirítear claontacht neamh-chomhfhiosach, i ndearadh agus in oibriú scéimeanna. | Leanúnach | Gach Roinn iomchuí |
| | 6.12 A chur de cheangal ar institiúidí ardoideachais creidiúnú comhionannais inscne Athena SWAN a bheith acu le go mbeidh siad cáilithe chun maoiniúchán taighde a fháil ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI), ó Chomhairle Taighde na hÉireann (IRC) agus ón mBord Taighde Sláinte (HRB). | 2019 | SFI, IRC, HRB |

| Toradh | Gníomhaíochtaí | Amscála | An Comhlacht atá Freagrach |
|---|---|---|---|
| Tuilleadh forbartha a bheith déanta ar an mbonn fianaise i leith promhadh ó thaobh inscne de | 6.13 Bearnaí eolais a shainaithint i dtaca le neamhionannas inscne agus leas a bhaint as sin mar bhonn le feabhsúcháin a spreagadh i ndáil leis an mbonneagar sonraí, agus i ndáil leis an anailís, atá ag teastáil chun na bearnaí sin a laghdú. A chinntiú go ndéantar an fhianaise a fhaightear ó bhonneagar sonraí feabhsaithe, agus ó anailís fheabhsaithe, a mhéid a bhaineann le neamhionannas inscne, a nascadh le beartais iomchuí. | 2017-2020 | Gach Roinn |
| Buiséadú Inscne a bheith curtha ar aghaidh | 6.14 Bearta a dhéanamh chun acmhainneacht a bhunú sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí i ndáil le príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne, rud a rannchuideoidh le cur chun feidhme an dualgais dhearfaigh atá ar chomhlachtaí poiblí comhionannas inscne a chur chun cinn. Leanúint de bheith rannpháirteach in eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail OECD chun an dea-chleachtas maidir le próisis bhuiséadacha, lena n-áirítear buiséadú inscne, a shainaithint. | 2017-2020 | RCPA (i gceannas), R/ Airgeadais |
| | 6.15 Cur i bhfeidhm an chreata um Mheasúnú Tionchair Shóisialta sa réimse beartas agus clár sna Luathbhlianta. | 2017-2020 | RCPA, RLGÓ |
| An tsochaí shibhialta a bheith cumasaithe chun labhairt ar son na mban agus chun cinntiú go ndéantar leasanna na mban a phríomhshruthú in obair an Rialtais | 6.16 Leanúint de thacaíocht a thabhairt i ndáil le croímhaoiniúchán Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn, ar eagraíocht í atá aitheanta ag an Rialtas mar phríomhchomhlacht a chuireann nithe is cás le mná agus peirspictíochtaí na mban chun cinn. | 2017-2020 | RDCC |




Aguisíní

# Aguisín I: Comhaltas an Choiste Straitéise

## Comhaltas an Choiste Straitéise

| | |
|---|---|
| **An tAire David Stanton TD** | Cathaoirleach |
| Niamh **Allen** | Ceann Forbartha, Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn |
| Paula **Barry Walsh** | Ceann Forbartha, Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn |
| Carol **Baxter** | Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Grace **Bolton** | Leas-Phríomhoifigeach, Beartais agus Cláir Luathóige, an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige |
| Nina **Brennan** | Príomhoifigeach, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Valerie **Byrne** | Leas-Phríomhoifigeach, Brainse Beartais Pearsanra Óglaigh na hÉireann, an Roinn Cosanta |
| Síona **Cahill** | Leas-Uachtarán Comhionannais & Saoránachta, Aontas na Mac Léinn in Éirinn |
| Tessa **Collins** | Pavee Point, mar ionadaí don Chomhghuaillíocht Phobail |
| Gerard **Considine** | Príomhoifigeach, Ceannasaí na Foirne Beartais maidir le Rialachas, Comhionannas Inscne agus Cearta Daonna, an tAonad Beartais, an Rannóg um Chomhar Forbraíochta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála |
| Anne **Donegan** | Príomhoifigeach, an tAonad Cánach, an Roinn Airgeadais |
| Fergal **Fox** | Ardbhainisteoir Gníomhach, Cur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte, an Rannán Sláinte agus Leasa, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Deirdre **Garvey** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, The Wheel |

| | |
|---|---|
| Nichola **Harkin** | Aturnae, Ibec |
| Dr. Cate **Hartigan** | Cur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte, an Rannán Sláinte agus Leasa, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| John **Healy** | Príomhoifigeach, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta |
| Miriam **Holt** | Comhordaitheoir Náisiúnta, Comhchoiste Náisiúnta na Líonraí Ban Pobalbhunaithe (mar ionadaí do Chomhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn) |
| Ann **Howard** | Brainse Beartais Pearsanra Óglaigh na hÉireann, an Roinn Cosanta |
| John **Hurley** | Príomhoifigeach, an Rannán Comhionannais Inscne, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Maria **Hurley** | Príomhoifigeach, Rannán Lárnach Chorcaí, an Roinn Coimirce Sóisialaí |
| Sarita **Johnston** | Fiontraíocht Ban, Fiontraíocht Éireann |
| David **Joyce** | Oifigeach Comhionannais & Oifigeach Dlúthpháirtíochta Domhanda, Comhdháil na gCeardchumann |
| Paul **Lemass** | Rúnaí Cúnta, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil |
| Orlaith **Mannion** | Príomhoifigeach Cúnta, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Orla **McBreen** | Príomhoifigeach, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| Dr Kara **McGann** | Feidhmeannach Sinsearach Beartais Margaidh Saothair, Ibec |
| Sinéad **McPhillips** | Príomhoifigeach, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| Rebecca **Minch** | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil |
| Gráinne **Morrissey** | Leas-Phríomhoifigeach, an Roinn Oideachais & Scileanna |
| Moira **Murrell** | Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Chiarraí, mar ionadaí do Chumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae |
| Orla **O'Connor** | Stiúrthóir, Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn |

| | |
|---|---|
| Kate **O'Flaherty** | Príomhoifigeach, an Roinn Sláinte |
| Gavan **O'Leary** | Príomhoifigeach, an Roinn Oideachais agus Scileanna |
| Karen **O'Loughlin** | Eagraí Feachtas Náisiúnta agus Comhionannais, an Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil |
| Geraldine **O'Sullivan** | Feidhmeannach Teaghlach Feirme & Gnóthaí Sóisialta, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| Kay **Ryan** | Príomhoifigeach, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| Eoghan **Richardson** | Leas-Phríomhoifigeach, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| Marion **Walsh** | Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Coireacht agus Slándáil, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| Olive **Walsh** | Leas-Phríomhoifigeach, an Rannán Comhordaithe Beartais agus Rialachais, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| Kathryn **Whyte** | Leas-Phríomhoifigeach, Acmhainní Daonna, an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil |

# Aguisín II: Ceisteanna an Chomhairliúcháin Phoiblí

Sheol an Tánaiste agus Aire Dlí agus Cirt, Proinséas Mhic Gearailt, TD, agus an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht speisialta maidir le Comhionannas, Inimirce & Lánpháirtíocht, David Stanton TD, comhairliúchán poiblí ar an 23 Samhain 2016 agus tháinig deireadh leis an tréimhse chomhairliúcháin ar an 31 Eanáir 2017.

Lorgaíodh tuairimí faoi dhoiciméad comhairliúcháin dar teideal "I dTreo Straitéis Náisiúnta nua na mBan 2017-2020" agus inar cuireadh na ceisteanna seo a leanas:

a) dar leat, cad iad na saincheisteanna do mhná agus do chailíní in Éirinn arb iad na saincheisteanna is tábhachtaí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu thar na ceithre bliana atá díreach romhainn?

b) an aontaíonn tú leis na cuspóirí ardleibhéil atá luaite thíos?

c) cad iad na torthaí ar ceart dúinn iarracht a dhéanamh iad a bhaint amach?

d) cad iad na gníomhaíochtaí a bhféadfaí iad a chur i gcrích chun na cuspóirí sin a chur ar aghaidh?

## Na Cuspóirí Ardleibhéil atá Beartaithe

Chun comhionannas inscne a chur chun cinn sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2020, tá cúig chuspóir á moladh mar a leanas:

- Comhionannas socheacnamaíochta a chur ar aghaidh do mhná agus do chailíní;
- Sláinte choirp agus mheabhrach ban agus cailíní a fheabhsú;
- Saoránacht chomhionann agus ghníomhach ban agus cailíní a chur chun cinn;
- Mná a chur ar aghaidh i dtaca le ceannaireacht de; agus
- Comhionannas inscne a leabú mar chuid den chinnteoireacht.

# Aguisín III: Liosta na n-aighneachtaí i scríbhinn a fuarthas i leith an chomhairliúcháin phoiblí

| Fuarthas tuairimí uathu seo a leanas: |
|---|
| Audrey Mac Cready |
| John B Dillon |
| Genevieve Becker |
| Mary Matthews |
| Ruth O'Regan |
| Grúpa Cúnta na mBan |
| Sharon Hutchinson, Sportswomen.ie |
| AONTAS |
| Julie Hogan |
| Luath-Óige Éireann |
| Líonra Ban Chontae Cheatharlach |
| Mary Courtney agus grúpa seanmháithreacha |
| Anastasia P. Kiourtzoglou |
| We Are Church Ireland |
| St. Catherine's Community Services Centre, Carlow |
| Anne Murray |
| Aontas na Mac Léinn, IT Phort Láirge |
| Basic Income Ireland |
| Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae Chill Mhantáin |
| An Dr. Josephine Browne, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire |

| Fuarthas tuairimí uathu seo a leanas: |
|---|
| Comhlachas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| An Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas |
| Equality Budgeting Campaign |
| Ibec |
| Patricia Conlon, International Law Federation |
| London Irish Abortion Rights Campaign |
| Cork Anti-Poverty Resource Network (CAPRN) |
| National Deaf Women of Ireland |
| Mary Farrell |
| Ruth Foley |
| Amplify Women |
| Chartered Institute of Personnel and Development (CIPD) Ireland |
| Therese O'Donohoe |
| Cork Equal and Sustainable Communities Alliance (CESCA) |
| 30% Club Ireland |
| Longford Women's Link |
| Micheline Sheehy Skeffington |
| Roisin Healy |
| Ionchuimsiú Éireann |

| Fuarthas tuairimí uathu seo a leanas: |
|---|
| Monica Murphy |
| Women in Technology and Science (WITS) |
| Aprille Scully, ROSA, Limerick |
| Louise O'Leary, St. Patrick's Mental Health Services |
| Aoisghníomhaíocht Éireann |
| Margaret Walshe |
| Grúpa Formhaoirseachta do 2ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil |
| Grúpa Tacaíochta an Lucht Siúil, Sligeach |
| Pobail Simon in Éirinn |
| Cumann Ailse na hÉireann |
| Women for Election |
| Women On Air |
| Cultúr Celebrating Diversity |
| National Traveller Women's Forum |
| Abortion Rights Campaign |
| Dr Kathryn McGarry & Dr Sharron Fitzgerald |
| Alliance of Older Persons Organisations (Age and Opportunity, Third Age, Active Retirement Ireland, Alone, Senior Citizens Parliament, and Age Action) |
| An Chomhairle um Inimircigh na hÉireann |
| SWAI |
| Comhlachas Luimnigh |
| Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) |
| Comhlachais Éireann |

| Fuarthas tuairimí uathu seo a leanas: |
|---|
| Focus Ireland |
| An Seanadóir Marie-Louise O'Donnell |
| Women and Child Health Research Cluster in the Department of Nursing and Midwifery, University of Limerick |
| Stay-At-Home Parents Association of Ireland |
| Julie Douglas |
| Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI) |
| Pavee Point |
| Comhdháil Cheardchumann na hÉireann |
| Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (DFI) |
| Irish Family Planning Association |
| Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) |
| Community Work Ireland |
| Sonas |
| Irish Second-level Students Union (ISSU) |
| Domestic Violence Advocacy Service (DVAS) |
| Migrant Rights Centre Ireland (MRCI) |
| Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) |
| Nasc Tuaithe na hÉireann |
| Dr Catherine Molyneaux |
| Fiona English |
| SAFE Ireland |
| Comhchoiste Náisiúnta na Líonraí Ban Pobalbhunaithe (NCCWN) |

| Fuarthas tuairimí uathu seo a leanas: |
|---|
| Comhchoiste Náisiúnta na Líonraí Ban Pobalbhunaithe, Líonra Ban Chontae Luimnigh |
| Comhchoiste Náisiúnta na Líonraí Ban Pobalbhunaithe, Líonra Ban Chontae an Chláir |
| Limerick Feminist Network |
| Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn (NWCI) |
| YouthRISE Students for Sensible Drug Policy and Help Not Harm |
| Fiona Walsh, Recovery Experts by Experience (REE) |
| Pro Life Campaign |
| Dr Katie Liston |
| 5th Year Politics & Society Class, Laurel Hill Secondary School, Limerick |
| 5050 North West |
| Irish National Organisation of the Unemployed (INOU) |
| Irish Federation of University Women |
| Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce (FLAC) |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |



justice.ie